An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications, Energy & Natural Resources

Cumarsáid

Craolachán

Fuinneamh

Acmhainní Nádúrtha

Ráiteas Straitéise 2008 - 2010

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications, Energy & Natural Resources

Cumarsáid

Craolachán

Fuinneamh

Acmhainni Nádúrtha

Ráiteas Straitéise 2008 - 2010

Ráiteas Straitéise 2008-2010
An Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-678 2000
Facs: 01-678 3057
Lóghlao: 1890 44 99 00
Láithreán Gréasáin: www.dcenr.gov.ie
PRN: A8/0948

Féadtar cóipeanna den Ráiteas Straitéise seo a íoslódáil ó www.dcenr.gov.ie

CLÁR ÁBHAIR

		Leathanach
1.	Réamhfhocal ón Aire	1
2.	Réamhrá ón Ard-Rúnaí	2-3
3.	Ráiteas Misin, Measúnuithe Comhshaoil & Spriocanna Ardleibhéil	4-9
4.	Cumarsáid	10-16
5	Craolachán	17-20
6.	Fuinneamh	21-31
7.	Acmhainní Nádúrtha	32-46
8.	Bainistíocht Chorparáideach	47-53
9.	Saincheisteanna Leathana	54-55
10.	Comhairliúchán, Forfheidhmiú agus Athbhreithniú na Straitéise	56-57

AGUISÍNÍ

A. Struchtúr na Roinne	58
B. Gníomhaireachtaí na Roinne	59
C. Na Tiomantais i gClár an Rialtais	60-64
D. Liosta na n-aighneachtaí a fuarthas	65-66
E. Gluais de ghiorrúcháin a úsáideadh	67-68

RÁITEAS STRAITÉISE 2008 - 2010

RÉAMHFHOCAL ÓN AIRE

Éamonn Ó Riain T.D.
Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Seán de Paor T.D.
Aire Stáit

Léiríonn an Ráiteas Straitéise seo an clár oibre leathan agus dúshlánach atá ann do mo Roinn thar na trí bhliana atá le teacht. Forbraíodh é i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, go raibh níos mó ná 60 aighneacht mar thoradh air agus iad ag baint le gach sainchúram de chuid na Roinne. Déanann an Ráiteas cinnte go bhfuil misean agus straitéisí na Roinne leagtha amach go soiléir agus socraíonn sé na príomhspriocanna agus táscairí feidhmíochta ar a dhéanfar tomhas ar an méid atá bainte amach againn thar an tréimhse 2008 – 2010.

Aithnítear ann gur riachtanach iad na réimsí atá faoi mo shainchúram le haghaidh inbhuanaitheacht na heacnamaíochta agus an chomhshaoil san todhchaí. An ról atá ag mo Roinn ná a chinntiú go ndéantar forbairt ar bhonneagar cumarsáide agus fuinnimh agus ar na margaí a bhaineann leo i mbealach a chuirfidh le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe. Cúis tosaíochta dúinn chomh maith leas a bhaint as acmhainní nádúrtha na hÉireann ar bhealach táirgiúil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Léirítear san Ráiteas Straitéise seo an éifeacht mhór atá ag polasaí fuinnimh agus cumarsáide ar iomaíochas agus ar fhás. Léirítear ann an fheidhm ríthábhachtach atá ag polasaí an fhuinnimh chun na spriocanna idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta um athrú aeráide a bhaint amach agus chun na dúshláin slándála fuinnimh atá os comhair na tíre seo againne amach anseo a sheasamh. Beidh tionchar mór ag na spriocanna seo ar pholasaí an fhuinnimh, ach go háirithe i leith acmhainní in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Díríonn an Straitéis seo ar ghnó mo Roinne féin chun dlúthchomhoibriú oibre le gach Comhlacht Stáit a spreagadh, chomh maith le tosaíochtaí tras-Rialtais i leith athrú aeráide, inbhuanaitheacht an chomhshaoil, taighde agus nuálaíochta a sheachadadh.

Táim ag tnúth le hobair le mo chomhghleacaí an Aire Stáit Seán de Paor T.D, leis an bhfoireann sa Roinn agus sna Chomhlachtaí Stáit agus le geallsealbhóirí eile chun spriocanna an clár oibre dúshlánach atá leagtha amach sa Ráiteas seo a bhaint amach. Tomhaisfear cé chomh geal a d'éirigh linn, ag deireadh an lae, ar an gcumas a léirímid chun spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach tríd na trí bhliana atá le teacht.

Éamonn Ó Riain, T.D.
Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

RÉAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ

Táthar tar éis an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú laistigh de chreatlach pholasaí an Chláir Chomhaontaithe don Rialtas, an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, an Pháipéir Bháin um Fhuinneamh *I dTreo 2016*, an Chomhaontaithe Chomhpháirtíochta Sóisialta agus cáipéisí polasaí ábhartha eile. Táthar tar éis ár Ráiteas Misin, ár bpríomhspriocanna, ár gcuspóirí agus ár spriocanna ardleibhéil a fhoirmliú chun polasaithe agus tosaíochtaí a fhorfheidhmiú mar atá socraithe ag an Aire agus ag an Rialtas.

Tugann an Ráiteas Straitéise aird ar an timpeallacht earnálach agus polasaí ina bhfeidhmíonn an Roinn. Aithnítear gur ríthábhachtach iad na limistéir faoi choimirce na Roinne d'inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus comhshaoil san todhchaí. Leagann sé clár oibre éilitheach orainn don gcéad trí bhliana atá romhainn amach, le béim faoi leith á chur ar fhorbairt na líonraí bonneagair chumarsáide agus fuinnimh agus na margaí. Cuirtear béim faoi leith sa Straitéis ar ról ríthábhachtach na Roinne chun cur le seachadadh na dtosaíochtaí tras-Rialtais go háirithe sna limistéir um athrú aeráide, um inbhuanaitheacht chomhshaoil, um thaighde agus um nuálaíocht. Tá saothrú ár n-acmhainní nádúrtha ar bhealach táirgiúil ar neamhdhíobhálach don chomhshaol é ina dhúshlán mór freisin don Roinn thar an tréimhse sin.

Is í an Roinn a mhaoirsíonn feidhmiú roinnt comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamh-thráchtála agus iad ag feidhmiú sna hearnálacha Cumarsáide, Craolacháin, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Tá sí mar aidhm againn oibriú leis na comhlachtaí sin ar bhonn dearfach chun polasaí an Aire agus an Rialtais a bhrú ar aghaidh agus chun leas an Stáit ina gheallsealbhóir dó a chosaint. Tá cothabháil na ndea-chleachtas i leith na gcaighdeáin rialachais chorparáidigh, na gcleachtas agus na nósanna imeachta laistigh de na comhlachtaí sin ina thosaíocht don Roinn freisin.

Breithniúcháin tábhachtacha a mhúnlóidh forfheidhmiú an Ráitis Straitéise is iad luach ar airgead a fháil agus na cláir arna soláthar ag Vóta na Roinne a sheachadadh. Chuige seo beidh dianmhonatóireacht agus dianmheasúnú uainn ar an gcaiteachas maraon le comhthadhall fíordhlúth lenár ngníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin.

Beidh foireann na Roinne ina cuid lárnach d'fhorfheidhmiú na Straitéise seo. Is ríthábhachtach í forbairt leanúnach na n-oilteachtaí a bhaineann leis an obair chun

ard-leibhéal saineolais teicniúil agus saineolais airgeadais a chothú; d'fhonn an leanúnachas gnó agus an seachadadh seirbhíse a chothabháil agus a fheabhsú. Leanfar leis an dílárú go dtí An Cabhán le linn tréimhse na straitéise seo. Is dúshlán mór é seo a rachaidh i bhfeidhm ní amháin ar fhorfheidhmiú gnó ach freisin ar thraenáil agus ar fhorbairt de mhór-chuid den fhoireann úr a thiocfaidh isteach sa Roinn laistigh d'achar ama ríghairid. Mar gheall air sin déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar an struchtúr eagrúcháin againn agus cuirfimid i gcrích pé athrú is gá chun an seachadadh is éifeachtaí agus is éifeachtúla dár gcuspóirí a chinntiú.

Imlínítear sa Ráiteas Straitéise na príomhtháscairí feidhmíochta trína ndéanfar gnóthú a thomhas feadh an tréimhse 2008 – 2010. I dTuarascáil Bhliantúil na Roinne i leith gach ceann de na blianta a cuimsítear leis an Straitéis tuairisceofar ár bhfeidhmíocht.

Leis an Ráitis Straitéise seo a fhorbairt bhíomar rannpháirteach leis an Aire, leis an Aire Stáit, leis an bhfoireann agus lenár ngeallsealbhóirí agus thugamar faoi phróiseas comhairliúcháin as ar eascair níos mó ná 60 aighneacht a bhain le hábhair feadh earnálacha na Roinne.

I mBealtaine 2008 fógraíodh go n-aistreofar na feidhmeanna a bhaineann le Sochaí an Eolais ó Roinn an Taoisigh chun RCFAN. Chinnfear na modhúlachtaí agus na mionsonraí a bhaineann le tosaíochtaí straitéiseacha agus riarachán an ghnó beartais seo don todhchaí ilaistigh de am bheag.

Táimse ag súil le bheith ag obair le gach ball foirne, faoi threoir an Aire Éamoinn Uí Riain, T.D., agus an Aire Stáit Seán de Paor, T.D., chun an clár oibre dúshlánach a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise a chur ar aghaidh.

Aidan Dunning
Ard-Rúnaí

RÁITEAS MISIN

Forbairt bhonneagair agus mhargaí cumarsáide agus fuinnimh a chuireann leis an bhforbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn agus ár n-acmhainní nádúrtha a shaothrú ar bhealach táirgiúil atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Léiríonn an ráiteas misin príomhthionchar an pholasaí fuinnimh agus cumarsáide ar an iomaíochas agus ar an bhfás. Léiríonn sé freisin an ról ríthábhachtach a bhaineann le polasaí an fhuinnimh chun na dúshláin um athrú aeráide agus um shlándáil fhuinnimh atá os comhair ár dtír a fhreagairt.

Ráiteas Misin agus Straitéisí

Is í aidhm an Ráitis Mhisin ná cuspóirí polasaí don Roinn a chuimsiú, ciacu a seachadtar go díreach nó trí chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí Stáit choibhneasacha iad.

Tá ár gcuid straitéisí don tréimhse 2008 – 2010 fréamhaithe sna cáipéisí polasaí iomadúla lena n-áirítear an Clár don Rialtas 2007 – 2012, an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta "I dTreo 2016", an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus an Chreatlach Polasaí um Fhuinneamh.

Anailís Chomhshaoil

Is trínár measúnú ar chomhshaol na Roinne feadh an tréimhse 2008-2010 agus fiú ina dhiaidh sin is mó a rialaítear an Ráiteas Straitéise. Baineann roinnt de na fachtóirí sin, go háirithe na cinn seachtracha, le limistéir nach mbíonn faoi riail díreach na Roinne. Bíonn cumas sa solúbthacht agus deaslámhacht polasaí ón Roinn d'fhonn freagairt de réir mar is gá do chúinsí athraitheacha, bíodh is go mbíonn éiginnteacht níos ginearálta ann i leith gnéithe éagsúla den chreatlach comhshaoil.

FACHTÓIRÍ SEACHTRACHA

Ionchas Eacnamaíoch

Táthar ag fáistiniú faoi láthair go leanfaidh an fás eacnamaíoch ar aghaidh sa tréimhse 2008 – 2010, ach ag ráta níos lú ná le blianta beaga anuas. Beidh ríthábhacht le cion na Roinne i leith iomaíochais agus táirgiúlachta náisiúnta sna cúinsí seo.

Ionchas Idirnáisiúnta

Ó thaobh an fhuinnimh de is amhlaidh atá praghas na hola tar éis na leibhéil is airde riamh a bhaint amach, agus táthar ag fáistiniú go leanfaidh leibhéil praghsanna ar

aghaidh atá ard i gcoibhneas leis na meáin stairiúla, cé go dtiocfaidh sí faoi réir na gcúinsí eacnamaíocha a bheidh i réim. Tá luaineacht faoi phraghsanna gáis agus táirgeadh na Mara Thuaidh, foinse do 90% dár soláthairtí, tar éis an bhuaic a bhaint amach agus é ag meathlú de 8-9% in aghaidh na bliana. Is acmhainní teoranta iad na príomhbhreoslaí iontaisí, agus tá imní idirnáisiúnta ag borradh i leith cé chomh deacair é soláthairtí úra a aimsiú atá cothrom leis an méadú san éileamh domhanda. Ag eascairt as an mbaol seo ar thaobh an tsoláthair de tá fás faoin aird idirnáisiúnta a dírítear ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh mar phríomhionstraimí polasaí.

Ó thaobh na teileachumarsáide de is amhlaidh freisin gur mó agus mó an bhéim idirnáisiúnta atá á dhíriú ar fhorbairt na líonraí leathanbhanda den chéad ghlúin eile agus an rochtain atá orthu sin. Beidh buntáiste iomaíoch ag na tíortha leis na líonraí is fearr. Múnlófar ár bpolasaí sa limistéar seo dá réir sin.

Athrú Aeráide

Tá páirt mhór le himirt ag polasaí an fhuinnimh chun freastal ar spriocanna idirnáisiúnta agus náisiúnta um athrú aeráide. Tiomantas an Aontais Eorpaigh ar laghdú de 20% sna hastuithe faoin mbliain 2020 agus laghdú de 30% sa chás go n-éiríonn leis an próiseas UNFCCC chun a chríche, múnlóidh sé go mór polasaí an fhuinnimh, go háirithe sna limistéir d'fuinnimh in-athnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh.

I dTuilleamaí Tríú Páirtithe

Beidh go leor de na spriocanna polasaí a leagtar amach sa Ráiteas seo ag braith ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gComhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne. Is mó go mór é sin in Earnáil an Fhuinnimh ina bheidh sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn polasaí agus forfheidhmiú na gChomhlachtaí Stáit go hiomlán ar aon dul le polasaithe atá leagtha amach ag an Rialtas. Luíonn an phríomhdhualgas chun an bonneagar agus na seirbhísí a sheachadadh ar oibreoirí na hearnála príobháidí i gcás na teileachumarsáide.

Aontas Eorpach/Thuaidh/Theas

An tAontas Eorpach agus an feachtas chun geilleagar an eolais a sheachadadh (Clár Oibre na Liospóine) chomh maith leis an bhforbairt inbhuanaithe agus an cleachtas is fearr ó thaobh an chomhshaoil de atá mar chomhthéacs do go leor d'fhreagrachtaí na Roinne. Leanfaimid orainn laistigh den chur chuige straitéiseach náisiúnta don AE ag obair leis na páirtithe go léir chun tosaíochtaí polasaí ag leibhéal an AE amach go dtí an bhliain 2010 agus ina diaidh sin a sheachadadh.

Is príomhthosaíocht de chuid an Rialtais í forbairt agus doimhniú leanúnach an chomhoibrithe Thuaidh Theas. Léirítear sainchúram fairsing na Roinne i limistéir an

chomhoibrithe Thuaidh Theas atá ann faoi láthair agus a fhéadfadh a bheith laistigh den chreatlach fhorásach a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta chomh maith leis an ngné eacnamaíoch lena n-áirítear fuinneamh, cumarsáid agus acmhainní nádúrtha.

FACHTÓIRÍ INMHEÁNACHA

Acmhainní Daonna

Is í an phríomhghné faoin gceannteideal seo ná a chinntiú go mbíonn staid agus acmhainní cuí ag an Roinn chun na spriocanna polasaí éagsúla a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo a aimsiú. Tá impleachtaí aige seo don leibhéal agus do shaineolas na n-acmhainní daonna laistigh den Roinn. Baineann sé le saincheist an dílároithe (féach thíos), lenár straitéisí oiliúna agus lenár gclár teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC).

Leithdháileadh acmhainní

Cé go bhfuil buiséad cuíosach beag ag an Roinn is amhlaidh a mhaoiníonn sí limistéir ríthábhachtacha ar nós Caomhnú agus Taighde Fuinnimh, Forbairt Leathanbhanda saindírithe, Craolachán agus Iascach Intíre. Agus creatscéal ionchasach ann romhainn in nach mbeidh acmhainní chomh flúirseach caithfidh an Roinn agus a cuid ghníomhaireachtaí dul i dtóir an luacha ar airgead agus i dtóir na n-aschur optamach i leith na n-acmhainní a chuirtear ar fáil.

Dílárú

Táthar chun foireann iomlán na Roinne a aistriú go dtí An Cabhán faoi dheireadh na bliana 2010 faoin gClár Díláraithe. Tá 48 de réamhfhoireann bunaithe sa Chabhán cheana féin agus tá breis rannóg le haistriú sna blianta 2008, 2009 agus 2010.

Is príomhthosaíochtaí um fhorfheidhmiú an dílároithe iad cursai gnó a choinnneáil ar siúil go leanúnach, seirbhísí fós a sheachadadh agus leas na foirne a chaomhnú. Áirítear leis na dúshláin mhóra a ghabhann leis an gClár Díláraithe pleanáil agus bainistiú mór-mhalartaithe foirne agus straitéisí don leanúnachas gnó, bainistiú priacail agus seachadadh gnó earnálach. Ábhar tábhachtach eile ná go mbeadh ar chumas na n-oifigeach a théann i ngleic le hobair na mbeartas an teagmháil ar ghá a choinneáil le príomh-gheallsealbhóirí a bheidh lonnaithe fós i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Dílárú – Gníomhaireachtaí Stáit

Tá trí chinn de na Comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne – an Príomh-Bhord Iascaigh, Fuinneamh Inmharthana Éireann agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann – ainmnithe lena ndílárú go Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, go Dún Dealgan, Co. Lú agus go Dún Garbháin, Co. Phort Láirge faoi seach. Tabharfaidh an Roinn tacaíocht

do na heagraíochtaí, agus oibreoidh sí leis an gComhlacht um Fhorfheidhmiú an Díláraithe ina leith seo.

Seirbhís Chustaiméara ar Ardchaighdeán

Léiríonn spriocanna na Roinne um Sheirbhís Chustaiméara ar Ardchaighdeán a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís Chustaiméara agus sa Chairt Chustaiméirí cé chomh fairsing í ár gcuid gheallsealbhóirí lena n-áirítear tomhaltóirí, lucht fiontair, imreoirí earnála agus eagraíochtaí ionadaíocha, chomh maith le grúpaí comhshaoil agus pobail. Mar chuid dár Seirbhís Chustaiméara ar Ardchaighdeán áirítear seachadadh seirbhísí Gaeilge agus dátheangacha de réir na scéime a aontaíodh faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Coinneoimid ár bpróisis chomhairliúcháin faoi athbhreithniú rialta de réir tiomantas an Rialtais chun cáilíocht an chomhairliúcháin a fheabhsú, agus cuirfimid feabhas leo de réir mar is gá le linn an tréimhse lena mbaineann an Ráiteas seo.

Ag eascairt as an measúnú thuas is iad seo a leanas Spriocanna Ardleibhéil na Roinne don tréimhse 2008 – 2010.

Spriocanna Ardleibhéil

- Bheith mar bhonn taca faoin bhfás, faoin iomaíochas agus faoin nuálaíocht trína chinntiú go mbeidh Éire chun cinn i dtapú na ndeiseanna a thairgtear leis na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist.
- Earnáil craolacháin bhríomhar a chur chun cinn, a sholáthraíonn ábhar tarraingteach, siamsúil agus eolasach do lucht féachana agus lucht éisteachta na hÉireann.
- Margadh fuinnimh a chinntiú agus é lán-inbhuanaithe slán iomaíoch, le raon fairsing de fhoinsí fuinnimh éagsúla, le héifeachtúlacht fuinnimh agus le bonneagar láidir mar bhonn taca faoi.
- Aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide trí fhreastal ar ár n-oibleagáidí um laghdú na n-astuithe gáis ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfuinneamh.
- Ár gcuid acmhainní, bíodh aibhneacha, mianraí, hidreacarbóin nó acmhainní geolaíochta eile, a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe táirgiúil.
- An cleachtas is fearr um rialachas corparáideach agus um chórais rialaitheacha a leanúint sna hearnálacha go léir againn, agus cumarsáid optamach a chur chun cinn le geallsealbhóirí ábhartha.
- An Roinn a bhunú mar eagraíocht eolas-bhunaithe agus torthaí-dhírithe, ag feidhmiú de réir na luachanna seirbhíse poiblí agus na gcaighdeáin seachadta seirbhíse is airde.

Príomhspriocanna, Príomh-Shaincheisteanna

Ar aon dul leis na Spriocanna Ardleibhéil is amhlaidh a leagtar amach na príomhspriocanna agus na príomh-shaincheisteanna don Roinn don tréimhse 2008 – 2010 thíos. Feidhmeoidh na spriocanna agus na saincheisteanna seo mar phointe tagartha lárnach do shaothar na Roinne le linn an tréimhse sin. Leagtar amach go leor eile gníomhaíochtaí agus cuspóirí i gcorp an Ráitis féin.

1. Réimis rialaitheacha optamacha a éascú don teileachumarsáid, don phost agus don fhuinneamh ar mhaithe leis an iomaíocht, an éifeachtúlacht agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

2. Sofhaighteacht agus rochtain fhorleathan ar Líonraí na Céad Glúine Eile (LCGE-anna) um Leathanbhanda ar ardchaighdeán a chur chun cinn.

3. Earnáil phoist solúbtha agus dinimiciúil a chur chun cinn, earnáil a chuideodh le forbairt na seirbhísí ríomhthráchtála nua ar fud na tíre.

4. An Teilifís Trastíre Dhigiteach (TTD) a chur ar aghaidh ar bhonn a oireann le spriocdháta an athraithe sa bhliain 2012, agus reachtaíocht cuimsitheach úr a rith mar bhonn d'fhorbairt earnáil an Chraolacháin.

5. Sláine agus iomaíochas an tsoláthair fhuinnimh a chur chun cinn trí mheán na hiomaíochta, agus rogha sa mhargadh fuinnimh agus seachadadh an bhonneagar fuinnimh straitéiseach a chinntiú.

6. Ár gcion tairbhe i leith spriocanna astuithe na hÉireann a sheachadadh trí imlonnú luathaithe des na teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus den éifeachtúlacht fuinnimh.

7. Éagsúlacht breosla a fheabhsú tríd an sprioc de 15% den leictreachas a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite faoin mbliain 2010 a aimsiú.

8. Dúshaothrú na n-acmhainní mianraí agus hidreacarbóin ar thír agus amuigh ón gcósta a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

9. Struchtúir eagrúcháin fheabhsaithe a thabhairt isteach do bhainistiú na n-iascach intíre in Éirinn chun ár stoic iascaigh fhíoruisce a chaomhnú agus a fheabhsú, i measc rudaí eile.

10. Dlúth-chomhoibriú oibre a chur chun cinn le gach aon Chomhlacht Stáit againn chun cuidiú le Polasaí an Rialtais a sheachadadh, chun an cleachtas is fearr a chinntiú

i rialachas corparáideach na gComhlachtaí, agus chun a chinntiú gur féidir leis na Comhlachtaí a gcuid sainorduithe a chomhlíonadh.

11. Seirbhís optamach éifeachtúil a sholáthar don Aire, don Rialtas, don Oireachtas agus dár gcustaiméirí go léir.

12. Cur go gníomhach agus go dearfach le foirmliú agus le forfheidhmiú polasaí i leith saincheisteanna trasghearrtha.

13. An comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn go gníomhach sna limistéir as a bhfuil an Roinn freagrach.

14. Fónamh a dhéanamh do shaincheisteanna uilig de chuid an AE atá faoi choimirce na Roinne d'fhonn leas na hÉireann a chur chun cinn agus cion fiúntach a dhéanamh chun polasaithe an AE a mhúnlú.

15. Timpeallacht oibre agus polasaí acmhainní daonna den chéadscoth a chur chun cinn i leith ár mbaill foirne go léir.

16. Dílárú na Roinne go dtí An Cabhán a chur ar aghaidh sa chaoi is go gcinnteofaí go bhfuil cúrsaí gnó ar siúil go leanúnach

CUMARSÁID

Réamhrá

Tá earnáil na cumarsáide leictreonaí léirscaoilte agus oscailte go hiomlán, agus tá beagnach 400 oibreoir údaraithe, lena n-áirítear oibreoirí um sheirbhísí líne suite, um sheirbhísí craolacháin soghluaiste agus ar chábla, ann anois in Éirinn i gcomparáid le beagán sa bhreis ar dheich mbliana ó shin nuair nach raibh ach an t-aon soláthraí monaplachta líne suite amháin ann agus nuair a bhí an margadh na bhfón póca an-óg. Conacthas fás nach beag um sholáthar na seirbhísí leathanbhanda ó sheoladh na seirbhíse sa bhliain 2002. Tá méadú thar chuimse tagtha ar líon na gcustaiméirí leathanbhanda ó sheoladh na dtáirgí leathanbhanda tráchtála sa bhliain 2002, agus dealraítear go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh.

Is féidir glacadh leis go dtugann an earnáil cion tairbhe mór don gheilleagar trí chéile, ar féidir é a áireamh mar thart ar 3% den olltáirgeacht náisiúnta (OTN).

Éireoidh tuilleadh athruithe dinimiciúla san earnáil seo sna blianta beaga romhainn. Áireofar leis na príomhfhorbairtí ó thaobh na teicneolaíochta de imlonnú Leathanbhanda na Céad Glúine Eile (LCGE) atá snáithín-bhunaithe, breis úsáide as na teicneolaíochtaí gan sreang don leathanbhanda, ról na líonraí den tríú ghlúin (3G) agus an t-aistriú go dtí caighdeán an Phrótacail Idirlín (IP) le haghaidh tarchur gutha agus tarchur sonraí. Méadófar go mór uileláithreacht an leathanbhanda le rolladh amach na dteicneolaíochtaí agus na gcaighdeán nua seo agus cuirfear leis an mbandaleithead a bheidh ar fáil do thomhaltóirí gnó agus do thomhaltóirí sa bhaile araon. Eascróidh cruthú agus sofhaighteacht d'ábhar níos méithe ó thaobh na r-Fhoghlama, na siamsaíochta agus an r-Rialtais de; chomh maith le fás ar thionscal an ábhair dhigitigh. Is amhlaidh ag an am céanna a chuirfidh inréimniú na dteicneolaíochtaí idir shuite agus soghluaiste agus sofhaighteacht ábhair thar go leor líonraí athrú nach beag ar shamhlacha seachadta seirbhíse.

Tiocfaidh cionsiocair formhór na nathruithe seo i bpáirt as forbairtí idirnáisiúnta agus as na hinfheistíochtaí ag imreoirí na hearnála príobháidí i margadh cumarsáide na hÉireann. Tá ról ag an Rialtas an cur chuige rialaitheach ceart a roghnú chun éascú a dhéanamh ar rolladh amach na dteicneolaíochtaí nua agus na bhforbairtí nuálaíocha agus ar sholáthar seirbhísí úra agus gan idirghabháil a dhéanamh ach amháin i gcúinsí atá sainmhínithe go soiléir.

Sprioc Polasaí

Cion tairbhe a chur leis an bhfás, le hiomaíochas agus le nuálaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe, agus cinntiú de go bhfuil Éire in ann na deiseanna a thiocfaidh le forbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí a thapú.

Cuspóir 1
An iomaíocht, an nuálaíocht agus an fás in earnáil na cumarsáide leictreonaí a éascú.

Forfheidhmiú

- Creatlach reachtúil agus rialúcháin a choinneáil ar bun agus leánúint den rannpháirtíocht in Athbhreithniú Choimisiún an AE um chreatlach rialúcháin an AE a sholáthraíonn spreagadh agus tacaíocht do thionscal cumarsáide bríomhar nuálach agus a éascaíonn infheistíocht ón earnáil phríobháideach san áireamh.
- Dul i ngleic leis na geallsealbhóirí ábhartha d'fhonn coinneáil ar chomhrian le forbairtí agus chun a chinntiú de go léiríonn an réimeas rialaitheach gné mhearathraitheach na hearnála féin.
- Cur ar chumas an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) dul i mbun a chuid feidhmeanna go héifeachtach de réir creatlach rialála na hEorpa.
- Polasaí a fhorbairt trína dtabharfar spreagadh do chlaochlú diaidh ar ndiadh go dtí Leathanbhanda na Céad Glúine Eile bunaithe ar IP.
- Polasaí agus reachtaíocht tacúil a fhorbairt a éascóidh úsáid éifeachtúil agus éifeachtach an speictrim raidió.
- Idirghabháil iomchuí i leith an bhonneagair.
- An tIonad Náisiúnta Taighde Digiteach (NDRC) a bhunú mar lárionad don taighde comhoibritheach idirdhisciplíneach maidir leis na meáin digiteacha.
- Rialachas corparáideach éifeachtach a chleachtadh ag Gníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh d'fhonn a chinntiú go bhforbrófar tionscal bríomhar ábhair dhigitigh do na meáin agus é lonnaithe ag an Mol Digiteach.

Tionchair

Iomaíocht, nuálaíocht agus fás in earnáil na cumarsáide leictreonaí a chuireann leis an ngeilleagar trí chéile agus príomhról a fheidhmiú um an iomaíochais náisiúnta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

Táscairí Feidhmíochta

- Rannpháirtíocht iomlán éifeachtach in athbhreithniú an AE um chreatlach rialúcháin na cumarsáide leictreonaí.
- Réimeas rialaitheach iontaofa, agus reachtaíocht iomchuí mar bhonn faoi, i bhfianaise an leibhéil iomaíochta, fáis agus nuálaíochta.
- Riachtanas laghdaithe don idirghabháil rialaitheach mar thoradh ar bhreis infheistíochta agus iomaíochta ón earnáil phríobháideach.
- Dul chun cinn leanúnach sna margaí mórdhíola agus miondíola teileachumarsáide Éireannacha ó thaobh sofhaighteacht na seirbhíse de agus an phraghas a bheadh uirthi.
- Foilsiú páipéir pholasaí ina leagtar amach creatlach shoiléir d'fhorbairt Líonraí na Céad Glúine Eile.

- Foilsiú páipéir pholasaí don speictream raidió maidir le reachtaíocht tacúil ina dtugtar aitheantas don speictream raidió mar acmhainn luachmhar náisiúnta.
- Bunú an Ionaid Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) mar shaoráid taighde lán-oibríochtúil faoi dheireadh na bliana 2009.
- Gníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh mar thaca do thionscal bríomhar ábhair mheán digiteach a bheidh lonnaithe ag an Mol féin.

Cuspóir 2
Tacú leis na hinfheistíochtaí gur ghá i mbonneagar na cumarsáide leictreonaí, LCGE san áireamh, chun a chinntiú go ndeineann an earnáil a páirt féin i gcoinneáil ar bhun agus i bhfeabhsú na forbartha eacnamaíocha agus sóisialta foriomláine.

Forfheidhmiú

- Tacú le creatlach rialúcháin trína sholáthraítear cinnteacht d'infheistíocht na hearnála príobháidí agus lena laghdaítear na bacainní atá os a comhair.
- Tabhairt faoi infheistíocht atá maoinithe go poiblí ach nach ngabhann ionad infheistíocht na hearnála príobháidí, agus nach meastar í ach amháin faoi réir chuspóirí sóisialta, eacnamaíocha agus straitéiseacha atá léir-shainithe.
- Comhoibriú bonneagair a éascú i gcomhthéacs LCGE.
- Pleananna freagartha éigeandála de chuid na n-oibreoirí cumarsáide leictreonaí a thástáil.
- A chinntiú go mbíonn socruithe i dtoll a chéile chun ligint do chraoladh na dteachtaireachtaí seirbhíse poiblí a úsáidfear i gcás éigeandála.

Tionchair

Timpeallacht infheistíochta feabhsaithe don earnáil phríobháideach, óna dtiocfaidh rolladh amach LCGE.

Oibriú leanúnach na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí i gcás éigeandála.

Táscairí Feidhmíochta

- Foilsiú na dtreoirlínte polasaí d'infeistíocht an Rialtais.
- Breis-leibhéil infheistíochta sa bhonneagar agus an earnáil phríobháideach chun tosaigh leis.
- Polasaí a mhúnlaítear d'fhonn chomhroinnt an bhonneagair a éascú.
- Comhlíonadh na gcleachtaí struchtúrtha deisce le hoibreoirí cumarsáide leictreonaí, cleachtaí ina n-ionsamhlaítear éigeandáil éigin agus ina tástáiltear na socruithe craolacháin.

Cuspóir 3
Cuimsitheacht eacnamaíoch agus sóisialta agus forbairt agus iomaíochas réigiúnach a fheabhsú.

Forfheidhmiú

- Idirghabháil Stáit iomchuí d'fhonn sofhaighteacht na seirbhísí leathanbhanda a chinntiú cibé áit ar tháinig eisiamh tíreolaíochta agus sóisialta as teip an mhargaidh.
- Forbairt an bhonneagair sna réigiúin a éascú.
- Sineirgí i mbonneagar na cumarsáide leictreonaí a uasmhéadú ar bhonn Thuaidh Theas.
- Éilimh na dtomhaltóirí a léiriú sna pléite um athbhreithniú an AE den chreatlach rialála don chumarsáid leictreonach agus um Pháipéar Glas an AE i leith Oibleagáidí Seirbhíse Uilíocha.
- Seirbhís fhreagartha glao éigeandála nua a dhearadh agus a soláthar siúd ag an earnáil phríobháideach a chinntiú.

Tionchair

Comhionannas rochtana ag gach saoránach ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, forbairt réigiúnach chothrom, agus comhtháthú sóisialta feabhsaithe.

Táscairí Feidhmíochta

- Seirbhísí leathanbhanda a bheith ar fáil i ngach aon chearn den tír.
- Bonneagar cumarsáide leictreonaí leordhóthanach sna réigiúin chun cuidiú leis an bhforbairt réigiúnach chothrom.
- Comhoibriú Thuaidh Theas ag leanúint ar aghaidh i leith an bhonneagar cumarsáide.
- Riachtanais na dtomhaltóirí a bheith léirithe go hiomlán sa chreatlach rialála.
- Seirbhís freagartha glao éigeandála nua a bheith i bhfeidhm agus na seirbhísí éigeandála ag baint leasa as na huimhreacha glao náisiúnta.

POSTAS

Réamhrá

Cuimsíonn an earnáil phostais soláthraithe agus oibreoirí na seirbhísí poist áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a sholáthraíonn, a bhailíonn, a shórtálann, a iompraíonn agus a sheachadann litir-phost agus earraí. Baineann thart ar 80% de na hidirbhearta poist leis an saol gnó. Beidh gnó leanúnach ag soláthar seirbhísí poist d'ardchaighdeán ar phraghas iomaíoch mar bhonn taca faoin iomaíochas náisiúnta. Is cúis bhagartha an t-ionadú leictreonach agus is deis chun comhlíonadh ordaithe leictreonach (r-chomhlíonadh) a sholáthar araon iad na seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

Is é An Post, mar an soláthraí a ainmníodh um sheirbhís uilíoch, agus líonra oifigí poist fhorleathan aige, atá fós mar an príomh-oibreoir sa mhargadh. Mar sin féin, tá an tionscal tar éis éirí níos iomaíche ó osclaíodh an margadh don iomaíocht de réir a chéile ón mbliain 2000 i leith, mar a léirítear i líon na n-oibreoirí poist (30) i seilbh údaraithe ó ComReg chun oibriú sa mhargadh. Táthar le margadh na hÉireann a léirscaoileadh go hiomlán faoin 1ú Eanáir 2011, rud a chuirfidh leis an leibhéal iomaíochta seo. Is í an phríomh-shaincheist sa phróiseas trasuímh ná rochtain ar sheirbhísí poist do chách a choinneáil ar bhun, agus ag an am céanna seirbhísí nua nuálacha ar ardchaighdeán a éascú. Is ríbhunúsach i gcúrsaí na linne go ndéanfaidh An Post ní amháin a straitéisí athraithe a fhorfheidhmiú ina n-iomláine, ach go gcuardóidh sé tuilleadh bealaí lena ghnó a chur ar aghaidh, d'fhonn go bhfanfaidh sé ina oibreoir inmharthana agus ina rogha oibreora i dtimpeallacht shíor-athraitheach oscailte an mhargaidh.

Déanfar trasuíomh Thríú Treoir an AE um sheirbhísí poist, tar éis comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí, ar bhealach ina léireofar saincheisteanna ar thábhachtach don mhargadh Éireannach iad. Ina leith seo cloífear le cur chuige éadrom ionas go n-íoslaghdófar an t-ualach rialúcháin ar aon oibreoir nua ar an mhargaidh.

Sprioc an Pholasaí

A chinntiú go mbaineann custaiméirí Éireannacha, idir lucht gnó agus teaghlaigh, tairbhe as seirbhísí poist ar ardchaighdeán atá ar aon dul leis na caighdeáin cháilíochta is airde sna príomh-gheilleagair cóimheasacha san AE.

Cuspóir 1

Éascú d'fhorbairt mhargadh poist iomaígh a thairgeann éagsúlacht táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán do thomhaltóirí, agus ar féidir le gach aon tomhaltóir rochtain a fháil go réidh air.

Forfheidhmiú
Trasuíomh an Tríú Treoir Phoist ar bhealach a léiríonn riachtanais an mhargaidh Éireannaigh.
A chinntiú go mbíonn dóthain cumhachtaí ag ComReg ó thaobh forghníomhú na gceangaltas rialaitheach a bhaineann leis an earnáil phoist, ag féachaint go háirithe ar chaighdeán na seirbhíse.

Tionchair
Earnáil phoist bríomhar le hoibreoirí poist inti idir oibreoirí móra agus clúdach náisiúnta agus idirnáisiúnta acu, agus oibreoirí beaga nideoige, agus gach aon cheann acu dírithe ar sholáthar táirgí poist nuálacha mealltacha iomaíocha.

Táscairí Feidhmíochta
Trasuíomh tráthúil Treoir an AE um Sheirbhísí Poist trí mheán reachtaíochta lena gcinntítear réimeas rialaitheach éifeachtach agus ina léirítear riachtanais mhargadh na hÉireann.

Cuspóir 2
Córas postchód a thabhairt isteach agus é in úsáid go forleathan ag an bpobal.

Forfheidhmiú
An saothar a rinne an grúpa forfheidhmithe Postchóid a chur ar aghaidh chun na céime forfheidhmithe agus comhoibriú le ranna agus le gníomhaireachtaí stáit eile san áireamh chun a chinntiú go mbaintear tairbhe as tabhairt isteach a leithéid de chóras sonraí spásúla i limistéir seachas ghnó an phoist féin.

Tionchair
Tiocfaidh breis éifeachtúlachta agus tairbhí fadtéarmacha don earnáil poist agus don gheilleagar trí chéile as tabhairt isteach an chórais.

Táscairí Feidhmíochta
Tabhartar isteach córas postchóid lánfheidhmeach laistigh de shaolré na straitéise seo.

Cuspóir 3
Go raibh An Post fós ina ghnólacht láidir inmharthana, atá in ann dul san iomaíocht i margadh léirscaoilte, seirbhís phoist náisiúnta den chéadscoth a sholáthar agus líonra náisiúnta d'oifigí poist, atá dírithe ar an gcustaiméir, a choinneáil ar siúil.

Forfheidhmiú

- Leanúint ar aghaidh ag cleachtadh rialachais chorparáidigh éifeachtaigh ar An bPost de réir an deachleachtais agus de réir treoirlínte an Rialtais.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le forchoinneáil líonra náisiúnta d'oifigí poist in áiteanna atá oiriúnach chun sraith leathan de sheirbhísí a sholáthar.

Tionchair

Líonra náisiúnta d'oifigí poist atá dírithe ar an gcustaiméir i mbun feidhme.

Táscairí Feidhmíochta

- Leanúint de sheirbhísí poist ar ardchaighdeán agus ar phraghsanna iomaíocha, agus rochtain sofhaighte orthu ag gach tomhaltóir.
- An Post a bheith láidir inmharthana ag dul san iomaíocht i margadh léirscaoilte chun seirbhís poist náisiúnta agus líonra d'Oifigí Poist a chinntiú.

CRAOLACHÁN

Réamhrá

Tá traidisiún fada buach seirbhíse poiblí agus neamhspleáchais ag Éirinn i gcraolachán Éireannach. Cuireann seirbhísí craolacháin na hÉireann, go háirithe iad siúd a bhfuil ábhar dúchasach suntasach iontu, spás ríthábhachtach ar fáil trína gcuireann Éire eolas ar fáil, trína dtéann sí i mbun ábhair agus trína gcuireann sí siamsaíocht ar fáil ar mhodh atá bunaithe ar a taithí féin agus ar ionannas Éireann go bhfuil malairt ag teacht air. Tá sé beartaithe an Bille Craolacháin cuimsitheach comhdhlúite a rith go luath i saolré an Ráiteas Straitéise seo. Tabharfaidh sé seo tacaíocht do ról agus fhreagracht na gcraoltóirí seirbhíse poiblí Éireannacha, do rialú agus cheadúnú na hearnála agus do chearta an lucht féachana agus an lucht éisteachta. Le haitheantas á thabhairt do na hathruithe gasta san earnáil, tá forchoinneáil agus forbairt chraolacháin seirbhíse poiblí fós mar bhunphrionsabal.

Roinntear an craolachán ó dhúchas i ngnéithe an 'raidió' agus na 'teilifíse'. Le blianta beaga anuas chonacthas leathnú ollmhór i líon agus éagsúlacht na léibheann trína gcuirtear clos-ábhar agus ábhar closamhairc ar fáil agus trínar féidir teacht orthu. Tá na craoltóirí traidisiúnta féin ag saothrú teicneolaíochtaí nua – idir phodchraoladh, sheinnteoirí MP3, shruthlú gréasáin agus soláthar na n-ábhar lena dtomhailt ag gluaiseacht dúinn. Ag an am céanna tá gnóthaí nua á mbunú a thugann dúshlán ról na gcraoltóirí trí ábhar nua nó nuashonraithe a chur ar fáil ar bhonn na léibheann nua seo – ar nós físeán ar éileamh nó suímh ghréasáin atá bunaithe ar ábhar a ghinteár ag lucht a úsáide. Cé gurb é fós an cás go bhfuil formhór an chlos-ábhair agus an ábhair chlosamhairc a chaitear á sholáthar ag craoltóirí traidisiúnta trí na gnáth bhealaí de raidió agus teilifís don mhórphobal, is amhlaidh go bhfuil malairt ag teacht ar an gcás agus go bhfuil scaradh na ról ag dul i ndoiléire agus iad ag comhchruinniú.

Comhchruinniú digiteach atá ann don chuid is mó. Tá seirbhísí teilifíse á ndigitiú ar formhór na léibheann, agus leag reachtaíocht úrnua creatlach amach, d'fheidhmiú céimneach agus do cheadúnú seirbhís Teilifís Trastíre Dhigiteach (TTD) náisiúnta uilíoch. Ligfidh sé seo do mhúchadh na teilifíse analógaí in Éirinn. Mhol an Coimisiún Eorpach 2012 mar dháta oiriúnach don mhúchadh. Cé gur éirigh go geal le Raidió FM go dtí seo, anois téann an lucht éisteachta i mbun satailíte agus an idirlín freisin le haghaidh clos-seirbhísí, agus táthar ag baint triail as an gCraolachán Éisteachta Digiteach (DAB) anois in Éirinn chomh maith. Tugann sé dúshlán craoltóirí na hÉireann a chinntiú go mbaineann siad leas as teicneolaíochtaí nua agus go bhfuil siad ar thús cadhnaíochta leo. Ní mór do chraoltóirí seirbhíse poiblí a chinntiú go bhfuil siad le fáil ar na léibhinn ábhartha go léir agus gur féidir leis an bpobal teacht orthu go héasca. Tá maoiniú cuí na gcraoltóirí seirbhíse poiblí ina bhunchloch chun earnáil chraolacháin folláin sa ré digiteach a chinntiú.

Is téama suntasach é domhandú in earnáil chraolacháin na teilifíse. Tá níos mó agus níos mó ábhar ó dhlínsí nach Éire ar fáil, agus tugann seo dúshlán craoltóirí Éireannacha bheith fós ábhartha agus mór-éileamh orthu. Tá sé ríthábhachtach chomh maith a chinntiú go bhfanann an nuacht agus na cúrsaí reatha atá ar fáil do shaoránaigh Éireannacha iolraíoch agus neamhspleách ag leibhéil idirnáisiúnta agus áitiúla araon. D'fheidhmigh na bealaí teilifíse saorchraolta Éireannacha – RTÉ, TG4 agus TV3 – go maith san timpeallacht il-bhealach. Go minic léiríonn sé seo ardchaighdeán an ábhair dúchasaigh a tháirgeadh. Tá an Ciste Craolacháin fós mar fhoinse tacaíochta suntasach do chláir dúchasacha ar ardchaighdeán ar an raidió agus teilifís araon.

Spriocanna an Pholasaí Craolacháin

- Iarracht a dhéanamh soláthar leanúnach ag earnáil chraolacháin na hÉireann a chinntiú, go háirithe trí craolachán na seirbhíse poiblí, d'ábhar éisteachta, d'ábhar closamhairc agus de sceidil a fhreastalaíonn ar riachtanais an lucht féachana agus an lucht éisteachta Éireannaigh.

- Iarracht a dhéanamh chun rochtain a choimeád ar raon ábhar agus sceideal dá leithéid ar bhonn saorchraolta uilíoch.

- Timpeallacht a chruthú a spreagann fás, forbairt agus rath in earnáil na meán éisteachta agus closamhairc in Éirinn.

Cuspóir 1

Leanúint de thacaíocht a thabhairt don earnáil chraolachán seirbhíse poiblí, mar is cuí, d'fhonn a chinntiú go soláthraítear raon cuimsitheach clár don lucht féachana agus lucht éisteachta go léir, as Béarla agus as Gaeilge, ar bhonn saorchraolta uilíoch.

Forfheidhmiú

- A chinntiú go bhfeidhmíonn RTÉ agus TG4 araon go héifeachtach agus go feidhmiúil ag comhlíonadh a sainorduithe seirbhíse poiblí dóibh.
- A chinntiú go bhfuil maoiniú cuí leanúnach ar fáil do RTÉ agus TG4 d'fhonn a sainorduithe seirbhíse poiblí a chomhlíonadh agus go ndéantar dáileadh agus caiteachas dá leithéid de mhaoiniú a mhaoirsiú.
- Feidhmiú éifeachtach an chórais um tháillí Ceadúnais Teilifíse a éascú chun cabhrú le seirbhís chraolachán seirbhíse poiblí a chur ar fáil.
- Na socruithe maoirsithe maidir leis an gCiste Craolacháin a chur i bhfeidhm d'fhonn tacaíocht leanúnach a thabhairt do chláir nua teilifíse agus raidió.

Tionchar
Craolachán seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán ar fáil do, agus leas á bhaint as, ag lucht féachana agus lucht éisteachta Éireannach.

Táscairí Feidhmíochta
- Maoiniú cuí do RTÉ agus TG4 i dtreo is go gcomhlíonfaidh siad a sainorduithe seirbhíse poiblí.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú ag RTÉ de bhearta athraithe agus éifeachtachta corparáideacha i gcomhthéacs meicníocht neartaithe leis an táille ceadúnais teilifíse a choigeartú.
- Feabhsuithe do chóras na dtáillí ceadúnais a aithint agus athruithe dá réir curtha chun cinn – go háirithe, comhaontú um chaighdeán na seirbhíse le gníomhaireacht bailiúcháin na gceadúnas, An Post, i bhfeidhm agus athcheartaithe ar bhonn bliantúil.

Cuspóir 2
Tabhairt faoi fhorbairt na creatlaí rialála a chinntiú agus í oiriúnach do earnáil chraolacháin Éireannach a choinneáil ar siúil agus í d'fhás chun go bhfreastalaí sí ar riachtanais lucht féachana agus lucht éisteachta Éireannach.

Forfheidhmiú
- A chinntiú go bhfuil príomhthosaíochtaí na hÉireann curtha in iúl go soiléir ag leibhéil na hEorpa d'fhonn leas a bhaint as forbairt pholasaí na hEorpa agus chun cur leis an bhforbairt sin.
- Foilsiú agus achtú an Bhille Craolacháin – ag bunú aon-rialaitheora um ábhar craolta do chraoltóirí seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail.
- Na hathruithe eagraíochtúla a mholadh faoin mBille Craolacháin a chur i bhfeidhm.

Tionchar
Timpeallacht rialála a éascaíonn forbairt ar chraoladh seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail.

Táscairí Feidhmíochta
- Rannpháirtíocht leanúnach agus gníomhach leis an gCoimisiún Eorpach, Comhairle na hEorpa, agus a cuid Bhallstát maidir le príomhthosaíochtaí.
- An Treoir atá chugainn um Sheirbhísí sna Meáin Chlosamhairc a thrasuíomh i ndlí na hÉireann.
- Foilsiú agus achtú an Bhille Craolacháin.
- Bunú Údarás Craolacháin na hÉireann.

Cuspóir 3
Cinntiú faoi shofhaighteacht ar ghlacadh ar ardchaighdeán de sheirbhísí craolacháin na hÉireann ar bhonn saorchraolta uilíoch in Éirinn, agus faoi fhorbairt na seirbhísí do phobail Éireannacha thar lear.

Forfheidhmiú

- Ascnamh na seirbhísí craolacháin Éireannacha chuig raon léibheann digiteach a chothú.
- An fhorbairt de léibheann craolacháin teilifíse digití saorchraolta in ionad an léibhinn analógaigh atá ann faoi láthair a éascú.
- Straitéis a fhorbairt do mhúchadh na teilifíse trastíre analógaí.
- RTÉ a éascú i gcruthú seirbhíse teilifíse idirnáisiúnta ar féidir í a chur ar fáil sa RA ar bhonn saorchraolta agus ar léibhinn eile de réir mar is cuí.

Tionchar

Sofhaighteacht leanúnach do lucht féachana agus lucht éisteachta Éireannach de sheirbhísí craolacháin saorchraolta uilíocha i dtimpeallacht digiteach agus forbairt ar sheirbhísí do phobail Éireannacha thar lear.

Táscairí Feidhmíochta

- Críochnú rathúil den tionscadal treorach Teilifíse Trastíre Digití (TTD).
- Grúpa geallsealbhóirí forbartha chun éascú a dhéanamh ar fheidhmiú céimneach an TTD Náisiúnta.
- Straitéis do mhúchadh analógach forbartha – lena n-áirítear feachtas meabhraíochta poiblí maidir le múchadh analógach.

Cuspóir 4
An chreatlach a chur ar fáil chun bealach nua teilifíse an Oireachtais a chruthú, bealach a chuirfidh tuairisciú saorchraolta digiteach d'oibreacha na Dála, an tSeanaid agus Comhchoistí an Oireachtais, agus tuairisciú breise do rudaí ar nós cruinnithe Pharlaimint na hEorpa ar fáil.

Forfheidhmiú

Cabhrú le forbairt an bhealaigh i gcomhar le Coimisiún an Oireachtais agus le geallsealbhóirí eile.

Tionchar

Neartódh soláthar an bhealach seirbhíse institiúidí daonlathacha an stáit.

Táscairí Feidhmíochta

Creatlach i bhfeidhm chun ligean do bhealach an Oireachtais craoladh laistigh de saolré na straitéise seo.

FUINNEAMH

Réamhrá

Tá soláthar fuinnimh iontaofa inacmhainne ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann. Tá an modh a ghintear agus a úsáidtear fuinneamh bunúsach do chinntiú go bhfuil forbairt eacnamaíoch na hÉireann inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go bhfanann sí iomaíoch go hidirnáisiúnta ag an am céanna. Is casta iad na dúshláin atá roimh an bpolasaí fuinnimh agus is práinneach iad sa tírdhreach athrú aeráide agus fuinnimh domhanda nua.

Leag Páipéar Bán an Rialtais "Ag Seachadah Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn" agus Clár an Rialtais creatlach chuimsitheach an pholasaí fuinnimh amach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo. Is iad seo comhthéacs agus bonn spriocanna agus gníomh na Roinne maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh, inbhuanaitheacht agus iomaíochas thar tréimhse an Ráitis Straitéise seo agus ina dhiaidh. Mar sin, is í creatlach na Roinne um ghníomh go dtí 2010 ná forfheidhmiú luathaithe na dtiomantas polasaí fuinnimh atá sa Pháipéar Bán agus i gClár an Rialtais.

Tá slándáil fhuinnimh agus athrú aeráide i measc na dúshláin idirnáisiúnta is práinní. Tá aitheantas comhaontaithe ann anois go bhfuil gníomh domhanda de dhíth chun srian a chur ar fhás an éilimh ar fhuinneamh as breosla iontaise agus ar astuithe coibhneasacha. Caithfear conair an fhuinnimh inbhuanaithe a leanúint chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus le fás eacnamaíoch agus sóisialta atá bunaithe ar sholáthar fuinnimh daingean éagsúil inacmhainne a chinntiú.

Tá dúshláin fuinnimh na hÉireann cosúil leo siúd lena bhfuil aghaidh á thabhairt orthu ar bhonn domhanda agus ag an Aontas Eorpach. Is géire fós an cás againne toisc laghad an mhargadh fuinnimh againn, go bhfuil an tír ar an imeall agus a theoranta ár gcuid acmhainní breosla dúchasacha. Cuireann fás daonra agus fás leanúnach eacnamaíoch leis na dúshláin do pholasaí fuinnimh na hÉireann freisin. Táimid soghonta i leith réabadh an tsoláthair agus luaineacht praghais allmhairithe. Tá buntáistí sainiúla againn chomh maith. Is dóchúil go bhfuil na hacmhainní in-athnuaite is fearr san Eoraip ag Éirinn. Tá ord tosaíochta á thabhairt do leas a bhaint as cumas acmhainneachta insaothraithe na n-acmhainní seo in éineacht le straitéisí feidhmiúlachta fuinnimh atá feabhsaithe go mór. Is cúis tosaíochta an bonneagar fuinnimh gur riachtanach é a sheachadadh go marthanach. Air seo tá idirnasc leictreachais, infheistíocht i dtarchur gáis agus leictreachais agus i líonraí dáilte agus múnlófar an infheistíocht seo go mór ag an straitéis ghréasáin Uile-oileánda, a foilsíodh in Eanáir 2008 d'aon ghnó chun freastal ar theicneolaíochtaí cumhachta in-athnuaite agus chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus réigiúnach. Tá leorgacht na giniúna agus sofhaighteacht chomhsheasmhach

fíor-thábhachtach don gheilleagar agus do chustaiméirí. Tá seachadadh na hacmhainneachta giniúna solúbtha le linn an tréimhse riachtanach chomh maith chun tacaíocht a thabhairt d'fhás an cion tairbhe ag fuinnimh in-athnuaite don leictreachas. Go straitéiseach caithfear dul le stóráil gháis agus ola. Tá saothrú inbhuanaithe na soláthairtí gáis dúchasacha mar thosaíocht chomh maith.

Cuirfidh an fás suntasach atá beartaithe chun leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite le linn an tréimhse go bunúsach le héagsúlacht na mbreoslaí, le slándáil an tsoláthair agus le laghdú na n-astuithe gáis cheaptha teasa. Beidh an t-imscaradh luathaithe de theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus na feabhsuithe bunúsacha uilechoiteann ar an éifeachtacht fuinnimh uainn chun na spriocanna uaillmhianacha don leictreachas, don teas agus don iompar a bhaint amach. Tá ról lárnach ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (Sustainable Energy Ireland – SEI) anseo. Is príomhthosaíocht don tréimhse cur ar cumas an Údaráis an sainchúram seo a chomhlíonadh de réir an Athbhreithnithe Straitéisigh den SEI.

Chuir bunú rathúil an Aon-Mhargaidh Leictreachais in 2007 béim ar na chomh-dhúshláin agus na chomh-dheiseanna fuinnimh d'oileán na hÉireann. Cothófar comhoibriú Thuaidh Theas leanúnach ar cheisteanna fuinnimh ar mhaithe le chomh-leasa le linn an tréimhse. Tabharfaidh sé seo tacaíocht don dul chun cinn freisin i dtreo margaí fuinnimh comhtháite ar na hoileáin seo i gcomhthéacs mhargadh fhuinnimh inmheánach an AE agus na gcuspóirí foriomlána ag polasaí fuinnimh an AE.

Is príomhthosaíocht don tréimhse í todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do na fiontair Fuinnimh Státurraithe (BSL, BGÉ, Bord na Móna agus EirGrid). Glacfar treonna straitéiseacha nua a thacaíonn spriocanna foriomlána um pholasaí fuinnimh inbhuanaithe agus cinnteofar go bhfeidhmíonn na fiontair mar aonáin láidre atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Beidh an BSL, BGÉ agus EirGrid fós freagrach as ucht bonneagar fuinnimh straitéiseach a sheachadadh. Is é an cuspóir foriomlán ná na gnólachtaí stáit a threisiú san tírdhreach fuinnimh nua go bhfuil cinnteacht rialála agus iomaíochas feabhsaithe mar bhunchlocha faoi.

Tá polasaí fuinnimh comhshnaidhmthe le réimsí eile de pholasaí an Rialtais. Is tosaíocht don Roinn í cur chuige uile-Rialtais a sheachadadh i leith fhuinnimh agus athrú aeráide. Leanfar ag léiriú an t-idirghníomhú idir Polasaí Fuinnimh agus polasaithe Iompair agus Comhshaoil chomh maith le polasaithe Fiontair agus Iomaíochta i rannpháirtíocht struchtúrtha agus i seachadadh ar fud na Ranna agus na nGníomhaireachtaí. Beidh na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais go léir agus an tseirbhís phoiblí ina iomlán ag obair le chéile chun an sprioc de éifeachtúlacht fuinnimh don earnáil phoiblí de 33% a bhaint amach go céimneach faoin 2020.

Sprioc an Pholasaí Fuinnimh
Slándáil agus leanúnachas an tsoláthair fuinnimh a chinntiú don eacnamaíocht agus do thomhaltóirí

Cuspóir 1
A chinntiú go bhfreastalaíonn an soláthar leictreachais ar an éileamh go seasta.

Forfheidhmiú

- An tAon-Mhargadh Leictreachais a chomhtháthú le margadh réigiúnach leictreachais leis an RA agus le hIarthuaisceart na hEorpa le linn na gcúig bhliana atá romhainn.
- Idirnascairí leictreachais Thuaidh-Theas agus Soir-Siar a chur ar aghaidh i gcomhréir leis an sceideal agus an scóip le haghaidh tuilleadh idirnaisc leis an RA agus le mór-roinn na hEorpa a dhearbhú faoin 2009.
- Straitéis Forbartha Tarchuir 2008-2025 de chuid EirGrid a thabhairt chun cinn de réir torthaí an Staidéir Ghréasáin Uile-oileánda, cuspóirí na Straitéise Spásúlachta agus Forbartha Réigiúnaí agus na spriocanna um fhuinneamh in-athnuaite.
- An clár infheistíochta caipitil leanúnach i líonraí tarchurtha agus dáilte a chur i gcrích faoin 2010.
- A chinntiú go bhfeabhsaítear an bhreis de leorgacht giniúna trí mheán gníomhaíochtaí cuí ag an gCoimisiún um Rialáil Fhuinnimh (CER), ag EirGrid agus ag an earnáil ghiniúint chumhachta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chlaochlú an phunainn ghiniúna faoin 2010 trí chomhaontú idir an CER agus an BSL agus coinníollacha chearta an mhargaidh a chinntiú d'infheistíocht i leictreachas bonnlóid agus gléasra solúbtha.
- Cumas acmhainneachta do ghiniúint dáilte a fhorbairt mar rogha fadtéarmach nó mar fhorlíonadh don chóras láraithe atá ann.
- An Straitéis um Bhainistiú an Éilimh lena n-áirítear an clár um Mhéadrú Cliste a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an sceideal.

Tionchair

Freastalóidh soláthar leictreachais chomhsheasmhach iontaofa agus leorgacht na giniúna ar riachtanais an fhiontair agus na dtomhaltóirí agus beidh an fhorbairt eacnamaíoch agus réigiúnach fo-thacaithe ag cláir líonra tarchurtha agus dáilte.

Táscairí Feidhmíochta

- Leorgacht an tsoláthair leictreachais.
- Tionscadail idirnaisc de réir an sceidil.

- An tAon-Mhargadh Leictreachais ag feidhmiú go maith; an Margadh Réigiúnach curtha ar aghaidh.
- Feidhmíocht an ghléasra; leibhéal na hacmhainneachta giniúna.
- Infheistíocht sna líonraí tarchurtha agus dáilte de réir an sceidil.

Cuspóir 2
Slándáil agus iontaofacht na soláthairtí gáis a chinntiú.

Forfheidhmiú

- Caighdeán follasach a leagadh síos don chóras gáis náisiúnta um Shlándáil an tSoláthair ó 2008 i leith.
- Socruithe gáis uile-oileánda a sheachadadh le linn an tréimhse agus Margadh Gáis Réigiúnach a chur ar aghaidh leis an RA agus le fuíoll na hEorpa.
- Obair le rannpháirtithe san AE chun cur chuige comhordaithe a chinntiú i leith shlándáil an tsoláthar gáis agus i leith phleanáil éigeandála.
- Obair chun a chinntiú go dtógann polasaí fuinnimh seachtrach an AE caidrimh láidre chomh-bhuntáisteacha le tíortha a tháirgeann gás.
- Leanúint le comhrá struchtúrtha le húdaráis an RA maidir le slándáil an tsoláthair gháis agus leis an éileamh air.
- Creatlach Straitéiseach Uile-Oileánda a chur i bhfeidhm le haghaidh áiseanna stórála gáis agus Gáis Nádúrtha Leachtaithe (GNL).
- A chinntiú go ngabhtar faoi athneartú bonneagair sa líonra idirnaisc gháis idir Éirinn agus Albain de réir mar is gá.
- Maoirsiú ar chomhlíonadh an chláir infheistíochta ag BGÉ sa líonra gáis le linn an tréimhse.

Tionchair

Déanfar slándáil an tsoláthair gháis ar an oileán a dhaingniú trí mheán infheistíochta sa mbonneagar agus sa stóras, le socruithe láidre margaidh agus rialála agus le straitéisí GNL.

Táscairí Feidhmíochta

- Leorgacht na soláthairtí gáis agus deimhneacht an mhargaidh.
- Áiseanna stórála gáis agus GNL.
- Iontaofacht na n-idirnasc Gáis.
- Torthaí polasaí fuinnimh seachtrach an AE.
- Clár Infheistíochta Bonneagair de réir an sceidil.

Cuspóir 3
Feabhas a chur ar éagsúlacht na bhfoinsí fuinnimh do ghiniúint cumhachta.

Forfheidhmiú

- Ar a laghad 15% de ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach faoin 2010.
- Scéim Tharaif um Fhotha Isteach Fuinnimh Inathnuaite (REFIT) na Roinne, a éascaíonn timpeallacht infheistíochta seasmhach le haghaidh ghléasra giniúna nua bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a cheangailt leis an ngréasán, a leathnú amach chun chomh-adhaint bithmhaise, fuinneamh an aigéin, fuinneamh gaoithe as láithreacha amuigh ón dtír agus fuinnimh in-athnuaite eile a chuimsiú.
- Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Bithfhuinnimh a bhaint amach.
- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála giniúint chumhachta a chuirfidh le bainistiú an éilimh agus le slándáil an tsoláthair.
- Forbairt an tionscadail treoraigh um chomh-adhaint bithmhaise ag Bord na Móna ag an Stáisiún Cumhachta in Éadan Doire a mhaoirsiú.
- Gnóthú forchéimnitheach de 30% chomh-adhainte sna stáisiúin ghiniúint chumhachta ón mhóin agus iad i seilbh an BSL a spreagadh.

Tionchair

Laghdú forásach san oiread go mbraitear ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus laghdú sna hastuithe gáis cheaptha teasa a éiríonn as úsáid nó as tiontú fuinnimh.

Táscairí Feidhmíochta

- Baint amach na spriocanna le haghaidh chomh-adhaint bithmhaise agus fuinneamh in-athnuaite faoin 2010.
- A oiread a ghlactar páirt sna Scéimeanna REFIT.
- Laghdú in allmhairiú na mbreoslaí iontaise.
- Laghdú sna hastuithe gáis cheaptha teasa.

Cuspóir 4

Ár spleáchas ar an ola a laghdú agus pleananna teagmhasacha leanúnacha le haghaidh réabadh an tsoláthair fuinnimh a chur ar bhun.

Forfheidhmiú

- Pleananna teagmhasacha náisiúnta agus iad i gcomhréir le dualgais AE agus GIF chun réabtha san tsoláthar fuinnimh a mhaoladh a athbhreithniú.
- Cur chuige lán chomhordaithe do phleanáil éigeandála um an leictreachas, um an gáis agus um an ola a chinntiú ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE & an GIF.
- Obair leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) chun na cúltacaí ola straitéiseacha a chur i gcothromaíocht arís ar bhonn forásach trí mheán na stoic ola atá i seilbh iomlán agus leibhéal na stoc atá á dtaisciú ar an oileáin a uasmhéadú.

- Tuilleadh bearta straitéiseacha a chur i bhfeidhm de réir torthaí an aithbhreithnithe ar shlándáil na soláthairtí ola san 2008.
- Obair chun tuiscint níos fearr a chur chun cinn d'ár soghontacht as buaic san táirgeadh ola domhanda.

Tionchair

Déanfar ár gcumas chun freagairt do réabtha an tsoláthar fuinnimh nó do éigeandálaí a fheabhsú trí mheán comhordú feabhsaithe agus trí mheán straitéisí náisiúnta um stoic ola agus um sholáthair an ola.

Táscairí Feidhmíochta

- Leibhéil na stoc ola straitéiseacha atá ar an oileán agus seilbh iomlán orthu.
- Stóinseacht an chomhordaithe agus na socruithe pleanáil éigeandála.
- Ullmhacht do réabadh an tsoláthair.

Sprioc 2 an Pholasaí Fuinnimh

Inbhuanaitheacht an tSoláthar Fuinnimh agus a Úsáide a chur chun cinn.

Cuspóir 1
Astuithe gáis cheaptha teasa a éiríonn as úsáid nó as tiontú fuinnimh a laghdú.

Forfheidhmiú

- Spriocanna na 2010 do theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite sna hearnálacha leictreachais, teasa agus iompair a bhaint amach mar chuid d'iarracht chun ár spriocanna Kyoto don 2012 a bhaint amach agus sprioc beartaithe Choimisiúin an AE de laghdú 20% sna hastuithe gáis cheaptha teasa againne idir an 2005 agus an 2020.
- Éileamh ar fhuinneamh ar fud na heacnamaíochta a laghdú trí mheán bearta um an éilimh agus a bhainistiú trí mheán cláir agus spriocanna um éifeachtúlacht fuinnimh.
- Déine carbóin na táirgeachta leictreachais a laghdú go forásach trí chion sa bhreis a bheith ag fuinneamh in-athnuaite, ag comh-adhaint agus ag gléasra giniúint chumhachta nua.
- Obair chun a chinntiú go bhfuil forfheidhmiú na bpolasaithe um athrú aeráide agus um iompar ailínithe go hiomlán trí mheán gar-chomhoibriú tras-Rannach.

Tionchair

Earnáil fuinnimh Éireannach atá inbhuanaithe agus bunaithe ar éagsúlacht breosla agus í ag déanamh cion suntasaigh chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.

Táscairí Feidhmíochta

- Spriocanna ag an earnáil fhuinnimh le haghaidh laghduithe gáis cheaptha teasa bainte amach.
- Éifeachtacht an tseachadta tras-Rannaigh.

Cuspóir 2
Fás na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a luathú.

Forfheidhmiú

- Mar chuid d'ár n-iarracht chun na spriocanna atá beartaithe ag an AE um fhuinneamh in-athnuaite go mbeadh 16% d'ár bhfuinneamh go léir ag teacht as foinsí in-athnuaite faoin 2020 a bhaint amach, bainfimid amach spriocanna fuinnimh in-athnuaite na 2010 um leictreachas (15%); um Chomhghiniúint Teasa agus Chumhachta (CTC) (400MW); um théamh (5%); um Bhithbhreoslaí iompair (5.75%).
- Straitéisí bithfhuinnimh agus fuinnimh an aigéin a chur i bhfeidhm de réir an sceidil trí mheán Taighde, Teicneolaíochta, Forbartha agus Núálaíochta (TTFN) agus meicníochtaí tacaíochta.
- Torthaí rathúla a phlé d'Éirinn i Mapa Bóithre an AE um Fhuinneamh In-athnuaite.

Tionchair

Cuirfidh fás seasmhach i dtreo na sprice de fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus tacaíocht do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn bonn socar faoi úsáid an fhuinnimh inbhuanaithe san eacnamaíocht chomh maith le fás i bhfiontar na hearnála um fhuinneamh ghlas.

Táscairí Feidhmíochta

- Spriocanna fuinnimh in-athnuaite don 2010 bainte amach.
- Spriocanna forbartha Fuinnimh an Aigéin de réir an sceidil.
- Toradh sásúil ar spriocanna an AE d'Éirinn.
- Cláir infheistíochta sna líonraí ag tacú le fuinneamh in-athnuaite a threá.

Cuspóir 3:
Éifeachtacht agus caomhnú fuinnimh a uasmhéadú.

Forfheidhmiú

- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach i gcomhar leis na Ranna agus leis na Gníomhaireachtaí uile.
- Dualgais ón AE um Éifeachtacht Fuinneamh a chomhlíonadh.
- Na spriocanna de 20% do choigiltis fuinnimh feadh na hearnálacha iompair, leictreachais agus teasa agus de 33% feadh an earnáil phoiblí a bhaint amach.

- An Scéim Inslithe a chur i bhfeidhm ag tosú i 2008.
- Maoirsiú ar fhorfheidhmiú na scéime liúntas cánach do threalamh atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de arna sholáthar in Acht Airgeadais 2008.
- Tionscnaimh um bhainistiú an éilimh agus iad éifeachtach ó thaobh costais de a leathnú amach, tionscnaimh lena n-áirítear rothlú amach na méadar cliste le sprioc go mbeadh siad suiteáilte i ngach teaghlach faoin 2012.
- Meabhraíocht na dtomhaltóirí agus na ngnólachtaí a ardú trí mheán an fheachtais náisiúnta um éifeachtúlacht fuinnimh *Power of One* agus trí obair leis an raon leathan clár agus scéimeanna de chuid SEI um éifeachtúlacht fuinnimh.
- Obair le Ranna agus le Gníomhaireachtaí chun a chinntiú go dtugtar go córasach faoin mbochtaineacht breosla trí mheán éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe.

Tionchair

Cuirfidh úsáid níos éifeachtaí den bhfuinneamh feabhas ar shlándáil an tsoláthair, ar iomaíochas na dtionscal, ar inacmhainneacht an fhuinnimh agus ar inbhuanaitheacht ó thaobh an chomhshaoil de agus tabharfaidh sé tacaíocht do phoist agus don bhfás.

Táscairí Feidhmíochta

- Céatadán na gcoigilteas fuinnimh (spriocanna na 2020) bainte amach faoin 2010 feadh earnálacha agus teaghlaigh.
- An Clár Méadar Cliste agus bearta um bhainistiú an éilimh a rothlú amach faoin sprioc-am.
- Leibhéil an déine fuinnimh san eacnamaíocht faoi 2010.
- Éifeachtúlacht an ghléasra giniúna atá nasctha leis an ngréasán.
- Laghdú i gcostais fhuinnimh.
- Tionchar na mbeart um bhochtaineacht breosla.

Cuspóir 4:
Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht Fuinnimh (RTDI) a luathú.

Forfheidhmiú

- Tosaíochtaí um thaighde náisiúnta fuinnimh sa Chlár Rialtais agus sa Straitéis Taighde Fuinnimh Náisiúnta a sheachadadh.
- Feabhas a chur ar an acmhainneacht um thaighde fuinnimh, um thaighde réamh-tráchtála agus um Thaighde agus Fhorbairt “gar don mhargadh” i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le Fuinneamh Inmharthana Éireann, le hEnterprise Ireland agus le Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann.
- An straitéis um fhuinneamh an aigéin a sheachadadh trí mheán tacaíocht don taighde agus maoiniú le haghaidh áiseanna chun fréamhshamhlacha a

fhorbairt, chun múnlaithe agus chun tástála.
- Barrfheabhsú ar ghlacadh an FP7 agus ar ghlacadh deiseanna faoi Chláir eile an AE ag grúpaí taighde.
- Feabhas a chur ar chion an BSL, BGÉ, Bord na Móna agus EirGrid do TTFN fuinnimh faoin a gcuid phleananna corparáideacha 2008-2010.
- Cur le spriocanna an AE le haghaidh Teicneolaíocht Straitéiseach um Fhuinneamh 2020.
- Fás na hearnála um fhiontair fuinnimh a spreagadh.

Tionchair

Tabharfaidh baint amach na gclár agus na dtosaíochtaí náisiúnta um TTFN fuinnimh taca do spriocanna fuinnimh inbhuanaithe, cruthóidh sí earnáil taighde fuinnimh bheoga, agus tacóidh sí le nuálaíocht agus deis margaidh in earraí agus seirbhísí na dteicneolaíochtaí fuinnimh.

Táscairí Feidhmíochta

- Feabhas sa chumas taighde.
- Oiread tráchtálú na dtionscadal.
- Dul ar aghaidh i leith spriocanna d'fhuinneamh in-athnuaite agus d’éifeachtúlacht fuinnimh.
- Áis tástála d’fhuinneamh na dtonntracha agus í nasctha leis an ngréasán faoin 2010.
- Umar tonntracha mar áis náisiúnta i bhfeidhm faoi dheireadh 2008.
- Dul ar aghaidh i dtreo sprioc 75MW d’fhuinneamh ón aigéan faoin 2012.
- Caiteachas ag gnólachtaí fuinnimh Éireannacha (gnólachtaí státurraithe san áireamh) ar Thaighde agus ar Fhorbairt.
- Ráta rathúlachta na hÉireann sa chlár FP7 agus i gCláir eile.
- Forbairt na n-earraí agus seirbhísí.

Sprioc 3 an Pholasaí Fuinnimh

Feabhas a chur ar Iomaíochas na Margaí Fuinnimh

Cuspóir 1

Margaí réigiúnacha a chur ar aghaidh le haghaidh leictreachais agus gáis i gcomhthéacs forbairtí Margadh Inmheánach an AE.

Forfheidhmiú

- An tAon-Mhargadh Leictreachais a chomhdhlúthú agus forbairt mhargadh leictreachais comhtháite réigiúnach leis an mBreatain Mhór agus le hIarthuaisceart na hEorpa a chur ar aghaidh.
- Socruithe gáis uile-oileánda a chur i bhfeidhm i gcomhar le Tuaisceart na hÉireann agus obair i dtreo an Mhargaidh Gháis Réigiúnaigh.

- Tríú phacáiste reachtaíochta an AE maidir le léirscaoileadh a phlé agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a léiríonn riachtanais agus ábhair spéise sainiúla na hÉireann sa Mhargadh Inmheánach.

Tionchair

I gcomhthéacs Margadh Inmheánaigh an AE méadóidh Margaí Uile-Oileánda agus Margaí Fuinnimh Réigiúnacha an scála, feabhsóidh siad slándáil an tsoláthair agus feabhsóidh siad iomaíochas.

Táscairí Feidhmíochta

- Socruithe gáis uile-oileánda comhaontaithe agus i bhfeidhm.
- Rath an Aon-Mhargaidh Leictreachais Mhórdhíola.
- Dul chun cinn déanta i leith margaí réigiúnacha.
- Slándáil an tsoláthair agus treorachtaí na gcostais fhuinnimh agus den mhargadh.
- Toradh na hÉireann ar phacáiste saorscaoilte an AE.

Cuspóir 2
Iomaíocht, rogha na dtomhaltóirí agus creatlach infheistíochta chomhsheasmhach a sheachadadh sa mhargadh fuinnimh.

IForfheidhmiú

- Ag obair leis an mBSL, le hEirGrid, le Ceardchumainn agus leis an gCER chun próiseas reachtaíochta agus idirbhirt um aistriú na sócmhainní tarchurtha chuig EirGrid a chur i gcrích faoi deireadh 2008 i slí a fhreastalaíonn ar na riachtanais agus ábhair imní dlisteanacha de na páirtithe go léir agus a shuíonn an BSL agus EirGrid mar aonáin tráchtála láidre amach anseo.
- Forfheidhmiú an Chomhaontaithe Straitéise Sócmhainne idir CER agus BSL a chinntiú, agus iomaíocht i nginiúint agus i soláthar cumhachta a fheabhsú.
- Comhoibriú le Tuaisceart na hÉireann chun a chinntiú go ndéantar athrú struchtúrtha ar an margadh ó Thuaidh agus ó Dheas ar mhaithe le hiomaíocht agus ar mhaithe na dtomhaltóirí.
- Feabhas a chur ar chreatlach rialála fuinnimh na hÉireann i gcomhthéacs an athbhreithnithe náisiúnta ar rialú eacnamaíoch agus de réir forbairtí an AE.
- Cumarsáid réamhghníomhach, comhairliúchán agus trédhearcacht do thomhaltóirí gnó agus teaghlaigh i bhforbairtí polasaí agus rialaithe a chinntiú.

Tionchair

Margaí fuinnimh níos trédhearcaí agus iomaíche le níos mó imreoirí, le tuilleadh rogha ag na dtomhaltóirí, le rialachán níos éadroime agus le deimhneacht d'infheisteoirí agus d’imreoirí an mhargaidh atá ann.

Táscairí Feidhmíochta

- An BSL agus EirGrid suite go láidir i ndiaidh athrú struchtúrtha.
- Sócmhainní tarchurtha aistrithe agus suímh ghiniúint chumhachta dídhílsithe.
- Muinín na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí sa mhargadh fuinnimh.
- Creatlach rialála feabhsaithe i gcomhréir le deachleachtais rialála agus forbairtí an AE.

Cuspóir 3
Todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do na Gnólachtaí Fuinnimh Státurraithe.

Forfheidhmiú

- Sainorduithe na ngeallsealbhóirí agus pleananna straitéiseacha corparáideacha a chur i bhfeidhm le BSL, BGÉ, Bord na Móna agus EirGrid a chuireann nuálaíocht, inbhuanaitheacht comhshaoil agus freagracht chorparáideach i gcothromaíocht le hinmharthanacht tráchtála agus róil straitéiseacha náisiúnta i gcomhréir le spriocanna an pholasaí fuinnimh.
- Polasaí díbhinne do bhlianta atá le teacht a chuireann riachtanais na ngeallsealbhóirí agus spriocanna foriomlána an pholasaí fuinnimh i gcothromaíocht lena chéile a chomhaontú i dteannta leis an Roinn Airgeadais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhócas na bhfreagrachtaí mar gheallsealbhóir agus mar chumadóir pholasaí i gcomhthéacs na bhforbairtí de chuid Mhargaidh Inmheánaigh an AE agus an deachleachtas rialachais chorparáidigh.
- Seachadadh éifeachtach agus feidhmiúil ag na Gnólachtaí Státurraithe dá gcuid sainorduithe, a róil straitéiseacha agus seirbhísí custaiméirí agus cláir infheistíochta sa bhonneagair a chinntiú.
- Cur i bhfeidhm athruithe struchtúrtha agus athruithe eile chun suíomh éifeachtach a thabhairt don SEI i dtreo is go gcomhlíonfaidh sé a shainchúram, de réir an Athbhreithnithe Straitéisigh ar an Údarás.

Tionchair

Beidh suíomh láidir ag gnólachtaí fuinnimh Státurraithe chun na dúshláin a shárú agus chun leas a bhaint as na deiseanna den tírdhreach fuinnimh nua mar thaca le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta agus le spriocanna an pholasaí fuinnimh, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus slándáil fhuinnimh.

Táscairí Feidhmíochta

- Éirí go geal leis na haonáin Fuinnimh Státurraithe a gcuid shainorduithe tráchtála agus straitéiseacha (tuarascálacha/cuntais bliantúla) a chomhlíonadh.
- Luach ar airgead agus éifeachtacht sna cláir Infheistíochta bonneagair agus san tseirbhís do chustaiméirí.
- Éifeachtacht Fuinneamh Inmharthana Éireann ag comhlíonadh a chuid chlár agus ag tacú do cheapadh polasaí fuinnimh.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

TAISCÉALAÍOCHT GÁIS AGUS OLA AMUIGH ÓN gCÓSTA

Réamhrá

Aithnítear acmhainneacht na hÉireann mar tháirgeoir hidreacarbóin ach fós go bhfuil sí go mór i dtuilleamaí ar sholáthairtí ola agus gáis a allmhairiú lenár n-éilimh fhuinnimh a shásamh. Tá táirgeadh an gháis nádúrtha dhúchasaigh ag meath, agus níltear ag táirgeadh aon ola dúchasaí. Is í straitéis na Roinne maidir le taiscéalaíocht na hola agus an gháis agus lena dtáirgeadh go mba cheart go mbainfí leas as na hacmhainní nádúrtha seo chun cur le baint amach an dá chomh-chuspóir de chion tairbhe a chur le slándáil soláthair fhuinnimh na hÉireann a chinntiú agus d'aisíoc airgeadais chothrom a sholáthar don Stát as a chuid acmhainní nádúrtha.

Is croíchuspóir í forbairt ár gcuid eolais ar chumas na hÉireann um hidreacarbóin óir a thábhacht don teacht ar chinneadh faoin gcaoi inar chóir go n-áireofaí foinsí dúchasacha ola agus gáis le cur chuige na hÉireann i leith slándáil an tsoláthar fuinnimh a chinntiú agus i leith céard is aisíoc cothrom don Stát as a chuid acmhainní nádúrtha a dhearbhú. Is trí ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta éifeachtacha is mó a thiocfar ar an saineolas seo. Dá réir sin is í straitéis na Roinne don tréimhse 2008 go 2010 ná leanúint ar aghaidh le deiseanna taiscéalaíochta ola agus gáis amuigh ó chósta na hÉireann a chur chun cinn ar bhonn gníomhach agus an chreatlach rialála a théann leis siúd a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhealach a thabharfaidh spreagadh do ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta éifeachtacha tráthúla a reáchtáltar de réir an deachleachtais idirnáisiúnta.

Faoi dheireadh thiar braitheann táirgeadh na hola agus an gháis dúchasaigh ar fhionnachtana trách tála a fhorbairt. Cé go bhféadfadh gáscheantair tháirgiúla úra teacht as fionnachtana trách tála nua le linn téarma an Ráitis Straitéise seo, aithnítear go mbeidh luath-thosú an táirgthe ó Ghás cheantar na Coiribe mar an deis is fearr ag Éirinn ár gcás a fheabhsú i ndáil lenár n-éilimh gháis nádúrtha sa ghearrthéarma.

Sprioc an Pholasaí

Na tairbhí d'Éirinn ón taiscéalaíocht le haghaidh ár n-acmhainní ola agus gáis dúchasacha agus óna dtáirgeadh a uasmhéadú, agus a chinntiú go ndéantar na gníomhaíochtaí go sábháilte agus le haird cuí dá dtionchar ar an gcomhshaol agus ar úsáideoirí eile na talún nó na mara.

Cuspóir 1
Leibhéal na ngníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe ola agus gáis in Éirinn a uasmhéadú ar mhaithe le barrfheabhas a bhaint don Stát.

Forfheidhmiú

- Na téarmaí ceadúnaithe leasaithe ar ar aontaíodh sa bhliain 2007 a chur in iúl agus i bhfeidhm.
- Acmhainneacht na hÉireann mar áit mhealltach don infheistíocht sa taiscéalaíocht a chur chun cinn go gníomhach.
- Leanúint ar aghaidh ag soláthar deiseanna mealltacha um cheadúnú agus babhtaí ceadúnaithe a reáchtáil go tráthrialta ar fud na n-imchuacha Atlantacha.
- Eolas ar acmhainní hidreacarbóin na hÉireann a fhorbairt trí chláir thaighde agus an Rialtas agus an tionscal araon páirteach iontu.
- An deis a uasmhéadú do rochtain ar shonraí i seilbh na Roinne.

Tionchar

Méadóidh leibhéal infheistíochta níos airde sa taiscéalaíocht an t-ionchas go n-aimseofar tuilleadh foinsí ola agus gáis, agus cuideoidh sé freisin chun eolas ar chumas táirgthe peitriliam na hÉireann a dhoimhniú. Bheifí ag súil go mbeadh ní ba mhó spéise ag an tionscal as infheistiú sa taiscéalaíocht amuigh ó chósta na hÉireann mar thoradh ar an taiscéalaíocht gur éirigh leis, as a dtiocfadh ar a uain féin méadú ar ionchas na bhfionnachtana nua.

Táscairí Feidhmíochta

- Méadú i gcion an mhargaidh ola agus gáis a sholáthraítear as foinsí dúchasacha.
- Líon na n-údaruithe taiscéalaíochta.
- An leibhéal gníomhaíochta druileála.
- Oiread na suirbhéireachta seismí úire a dhéantar.
- Líon na bhfiosruithe leantacha, na n-iarratas ar shonraí agus agus na dlúthbhainte in údaruithe ó ghnólachtaí a éiríonn as an bhfeachtas tionscnaimh.
- Forbairt an bhunachair eolais maidir le hacmhainní ola agus gáis na hÉireann.
- Méadú i leibhéal úsáide acmhainní sonraí na Roinne.

Cuspóir 2

A chinntiú gur láidir soiléir í an chreatlach rialála atá ann, go gcuireann sí leis an gcinnteacht agus go gcloíonn sí leis an deachleachtas idirnáisiúnta agus ag an am céanna go spreagann sí go ndéantar ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta, forbartha agus táirgthe ar bhealach éifeachtach tráthúil.

IForfheidhmiú

- An chreatlach rialála a choinneáil faoi athbhreithniú agus í a leasú de réir mar is cuí de réir fhorbairtí san deachleachtas go hidirnáisiúnta.
- Bheith i gceann feadhna sa dul i ngleic le Ranna Rialtais eile agus gnólachtaí Stáit i ndáil le forbairt agus forfheidhmiú na creatlaí rialála.

- Na téarmaí ceadúnaithe fioscacha leasaithe a chur i bhfeidhm tríd an Acht Airgeadais 2008.
- Reachtaíocht a thabhairt isteach le cúram as rialáil sábháilteacht an taiscéalaíocht agus an táirgiú peitriliam a thabhairt don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF).
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh measúnú comhshaoil straitéiseach (MCS) roimh gach babhta ceadúnaithe agus tógáil ar aschur na MCS a rinneadh sna blianta 2005 agus 2007.
- Gach údarú a bhainistiú ar bhealach a bheidh dírithe chun seachadadh na gclár oibre aontaithe de réir an sceidil a chinntiú agus ag cloí leis an gcreatlach rialála.
- Méasúnú teicniúil neamhspleách saineolach a sholáthar de ghníomhaíochtaí oibreoirí agus gníomhaíochtaí molta.

Tionchar

Creatlach rialála láidir shoiléir a bheith ann ar chomhsheasmhach í leis an deachleachtas go hidirnáisiúnta; cuideoidh sí le tarraingteacht na hÉireann mar ionad d'infheistíocht ag tionscal na hola agus an gháis. Cuideoidh sí freisin le cinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe ar bhealach atá sábháilte, atá íogair don chomhshaol agus ar dóichí go dtiocfaidh an tairbhe is uasta d'Éirinn aisti ó thaobh seachadadh croíchuspóirí chun soláthar fuinnimh na hÉireann a shlánú agus toradh airgeadais chóir a sholáthar don Stát as a chuid acmhainní nádúrtha.

Táscairí Feidhmíochta

- Creatlach rialála láidir a bheith ann ar chomhsheasmhach í leis an deachleachtas go hidirnáisiúnta.
- Achtú an réimis fhioscaigh úir tríd an Acht Airgeadais 2008.
- Achtú na reachtaíochta sa bhliain 2008 um rialáil na sábháilteachta peitriliam ag an gCRF.
- Measúnuithe láidre straitéiseacha comhshaoil a dhéanamh roimh bhabhtaí ceadúnaithe na todhchaí.
- An méid agus a sheachadann an tionscal ina n-iomláine agus in am ceart na cláir oibre go n-aontaítear leo.

Cuspóir 3
Achar na Scairbhe Ilchríochaí faoi dhlínse na hÉireann a uasmhéadú.

Forfheidhmiú

- An próiseas chun dul i ngleic le Coimisiún na NA um Theorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí (UNCLCS) i leith chomhaighneacht na Scairbhe Ceiltí agus Bhá na Bioscáine a leanúint nó go n-eisítear moltaí.
- Dul i mbun caibidlíochtaí le Stáit comharsana tar éis suíomh na dteorainneacha

seachtracha maidir le cinntiú na Scairbhe Ilchríochaí sínte i gceantar na Scairbhe Ceiltí agus Bhá na Bioscáine.
- Gach sonra geoifisiciúil agus bataiméadrach ar gá é d'fhonn éileamh scairbhe ilchríochaí agus é sínte thar 200 muirmhíle i gceantar Hatton-Rocal a bhailiú agus a dhíonscrúdú, agus aighneacht náisiúnta a ullmhú don UNCLCS.
- Caibidlíochtaí iltaobhacha le Stáit comharsana a chur ar aghaidh maidir le codanna den cheantar a bhfuiltear in aighneas fúthu (i gcomhordú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha).

Tionchar

Tá an t-achar talaimh atá ar fáil i láthair na huaire dá cheadúnú don taiscéalaíocht hidreacarbóin teoranta don Chrios Eacnamaíoch Eisiach (CEE), chríoch nach leithne ná 200 muirmhíle. Osclófar mór-achair thalaimh úra dá gceadúnú má éiríonn leis an éileamh um theorainneacha na scairbhe ilchríochaí a shíneadh thar 200 muirmhíle.

Táscairí Feidhmíochta

- Dul chun cinn sna caibidlíochtaí iltaobhacha le Stáit comharsana.
- Cineál na haighneachta (comh-aighneacht, aighneacht comhordaithe nó aighneacht náisiúnta) do cheantar Hatton-Rocal agus í a cur faoi bhráid an Choimisiúin in am (Bealtaine 2009).
- Moltaí sásúla ón UNCLCS.

TAISCÉALAÍOCHT AGUS MIANADÓIREACHT

Réamhrá

Dílsítear san Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an ceart eisiach gach mianra a shaothrú, seachas an cloch, an gairbhéal, an ghaineamh agus an cré, agus is faoi cheadúnas a bhítear á dhéanamh ag fiontair phríobháideacha. Tá gníomhaíocht mhór le feiceáil in Éirinn sa taiscéalaíocht mianraí agus san mianadóireacht. Tá thart ar 12,500 km^2 faoi réir 350 Ceadúnas Taiscéalaíochta reatha agus réimse leathan gnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta á n-oibriú. Tá trí fheidhmíocht since agus luaidhe agus iad san Uaimh, Co. na Mí, i nGabhalmhaigh, Co. Chill Chainnigh, agus san Lisín, Co. Thiobraid Árann. Fostaítear níos mó ná 1,200 duine sna mianaigh úd. B'ionann glanluach na ndíolachán sa bhliain 2006 agus €731 milliún. Gearrann an Stát ríchíosanna orthu, ach bíonn air cúiteamh a íoc le húinéirí mianraí príobháideacha i roinnt cásanna.

Is iondúil go mbaineann nádúr timthriallach le tionscal na mianraí, le tréimhsí fada de phraghsanna ísle miotail á bpolladh ag eatraimh ghairide de phraghsanna arda ar nós siúd don tsinc atá ann ón mbliain 2006 i leith. Tá sé sin mar dhúshlán do rialtóirí ach tionscal mianraí inbhuanaithe a chothabháil os coinne éiginnteachtaí eacnamaíocha, agus rialúcháin chomhshaoil mhéadaitheach. Ní foláir chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin:

- An infheistíocht ón iasacht a spreagadh trína chinntiú gur mealltach é réimeas fioscach agus rialála na hÉireann don taiscéalaíocht, agus béim a leagan ar ár n-acmhainneacht mianraí.
- Monatóireacht ar inmharthanacht eacnamaíoch na mianach dá bhfuil ann agus freagairt go solúbtha don athrú tobann.
- A chinntiú go bhfaigheann an Stát toradh ceart ar dhúshaothrú a chuid acmhainní mianraí.
- Aghaidh a thabhairt ar oidhreacht na seansuímh mhianach.
- Tionchar iomchuí a imirt ar pholasaí an AE um úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha agus um rialúchán na hearnála.

Sprioc an Pholasaí

Cion tairbhe an earnáil mhianadóireachta don gheilleagar a uasmhéadú, ag tabhairt aird cuí dá thionchar sóisialta agus comhshaoil, agus éascú do leasúchán na seansuímh mhianach, sna cásanna ina bhfuil ról so-aitheanta agus admhaithe ag an Aire féin.

Cuspóir 1
Cion tairbhe an earnáil mhianadóireachta don gheilleagar a uasmhéadú ag tabhairt aird cuí dá thionchar sóisialta agus comhshaoil.

Forfheidhmiú

- Mealltacht na hÉireann um thaiscéalaíocht agus um fhorbairt a chur chun cinn agus í a mhargiú chun ar a laghad na leibhéil de shaothar taiscéalaíochta dá bhfuil ann a choinneáil ar siúil.
- Réimeas éifeachtúil agus éifeachtach Ceadúnais Taiscéalaíochta a rith.
- Saoráidí Mianadóireachta Stáit (SMF) a phlé, agus iad bunaithe ar a gcúinsí ar leith nó go gcuirtear an próiseas seo as feidhm le reachtaíocht nuashonraithe.
- A chinntiú go bhfaigheann úinéirí príobháideacha gur leo mianraí a gcúiteamh iomchuí ar bhealach tráthúil.
- Rochtain shaor in aisce a sholáthar don phobal ar na tacar sonraí leictreonacha i seilbh na Roinne atá ar fáil.
- Seirbhísí r-chumasaithe a sheachadadh de réir mar is féidir agus is oiriúnach.
- Naisc Thuaidh Theas níos dlúithe a chothú.

Tionchair

Méadófar acmhainneacht na dtorthaí eacnamaíocha don Stát amach anseo ó thaobh na cánach agus an ríchíosa de maraon leis siúd do na pobail áitiúla i bhfoirm na fostaíochta trí spreagadh a thabhairt d'aimsiú fosuithe breise eacnamaíocha de mhianraí. Ina theannta sin is amhlaidh gur mór an pháirt atá ag bua na hÉireann um chreatlach rialála agus riaracháin chothromasach a chur ar fáil chun a chinntiú go bhfanann Éire ina sprioc mhealltach don chaiteachas taiscéalaíochta.

Táscairí Feidhmíochta

- Líon na n-iarratas ar Cheadúnas Taiscéalaíochta in aghaidh na bliana.
- Líon na gCeadúnas Taiscéalaíochta a phróiseáiltear laistigh des na hachair ama socraithe.
- Líon na n-iarratas ar Shaoráidí Mianadóireachta Stáit a phróiseáiltear laistigh des na hachair ama aontaithe.
- Freagraíonn na fáltais ó Cheadúnais Taiscéalaíochta agus Saoráidí Mianadóireachta Stáit do rátaí margaidh idirnáisiúnta i ndlínsí inchomparáide.
- Líon na gcuairteoirí uathúla ar www.mineralsireland.ie.
- Caiteachas taiscéalaíochta in Éirinn arna choinneáil ag 0.2% den bhuiséad domhanda.
- Comhchur chun cinn Thuaidh Theas méadaithe den taiscéalaíocht mianraí.

Cuspóir 2
An chreatlach rialála agus polasaí ginearálta a fhorbairt.

Forfheidhmiú

- An Bille Forbartha Mianraí a achtú.
- Éilimh láithreacha tosaíochta dár ngeallsealbhóirí a aithint agus a fhreastail.

- Freagairt pholasaí sholúbtha d'athruithe dothuartha san timpeallacht dhomhanda.
- Rannpháirtíocht gníomhach ar an nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Luaidhe agus um Shince (ILZSG).
- Tograí polasaí náisiúnta mianraí a cheapadh.
- Aith-chreatlach riaracháin um sholáthar na ndiamant a éiríonn as choimhlint do chosc (Próiseas Kimberley).

Tionchair

Tá achtú an Bhille Forbartha Mianraí ina príomhghné de bhonn taca a chur faoi rialúchán agus cur chun cinn na hearnála mianadóireachta in Éirinn. Feidhmeoidh sé mar an bunús do ghineadh na dtograí polasaí amach anseo de réir mar a rachaidh earnáil na mianraí in oiriúint do thabhairt isteach na teicneolaíochta agus na socruithe corparáideacha úra, agus trína ligean do níos mó réamhcheapadh ar théarmaí agus ar choinníollacha mianadóireachta (i gcúrsai airgeadais ach go háirithe) cabhrú le gnólachtaí taiscéalaíochta ina gcuid chinnte um infheistíocht.

Táscairí Feidhmíochta

- Achtú an Bhille Forbartha Mianraí sa bhliain 2008.
- Tabhairt isteach tráthúil na n-ionstraimí tánaisteacha iomchuí.
- Forfheidhmiú chreatlach riaracháin in ionad a bhfuil ann chun soláthar na ndiamant a éiríonn as coimhlint do chosc (Próiseas Kimberley).
- Gan trádáil mhíchuí ar bith sna diamaint gharbha (Próiseas Kimberley).

Cuspóir 3
Cleachtais inbhuanaithe a éascú agus a bheith mar cheangaltas in earnáil na mianraí.

Forfheidhmiú

- Cion tairbhe gníomhach a ghlacadh i bpolasaí an AE d'fhorbairt inbhuanaithe na mianraí.
- Dul i gcomhthadhall le Ranna Rialtais eile, leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), le hÚdaráis Áitiúla agus le geallsealbhóirí eile.
- Aighneachtaí a chur faoi bhráid na nÚdarás Áitiúil, An Bhord Pleanála agus an EPA um Phleanáil agus um iarratais ar Cheadúnais Comhtháite um Thruailliú a Sheachaint agus a Rialú (CCTSR).
- Próisis cheadaithe a chomhordú leo siúd de chuid na nÚdarás Áitiúil agus an EPA.
- Comhpháirtíochtaí le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (SGÉ) agus le gníomhaireachtaí seachtracha le sineirgí a shaothrú.
- Monatóireacht ghníomhach ar fheidhmíocht sealbhóirí áiseanna Stáit um mhianadóireacht (SMF).

Tionchair

Cuideoidh comhairliúchán éifeachtach agus inmheánú tuairimí na ngeallsealbhóirí chun a chinntiú gur féidir leis an earnáil mhianraí rannchur go dearfach le sochaí na hÉireann agus leis an gcomhshaol. Is trí na hoibríochtaí a bhaineann amach cothroime i measc trí cholúin na forbartha inbhuanaithe, an comhshaol, an sochaí agus an eacnamaíocht, a fheabhsaítear cáil an tionscail ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh maith, agus uaidh sin a chabhraíonn le hÉire a chur chun cinn mar dhlínse tarraingteach le dul i mbun sirtheoireachta ann.

Táscairí Feidhmíochta

- Tráthúlacht na tuarascála leathbhliantúla a sheoltar go dtí an tOireachtas.
- Cion tairbhe suntasach le polasaí an AE agus siúd de chomhlachtaí idirnáisiúnta eile.
- Comhthadhall éifeachtach agus éifeachtúil le geallsealbhóirí.
- Leibhéal comhlíonta na gcoinníollacha i Léasa agus i gCeadúnais.
- Sásaítear gach spriocdháta reachtúil do mholtaí.

Cuspóir 4

Tionscadail leasúcháin sainiúla a mhaoirsiú agus comhairle polasaí agus cinnteoireachta eolasach maidir le seansuímh mhianach a sholáthair.

Forfheidhmiú

- Tionscadal Athshlánaithe Bhéal Átha Gabhann a mhaoirsiú.
- Críochnú Staidéir Abhóca a mhaoirsiú i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann.
- Comhairle agus treoir a thabhairt don Aire i leith na seansuímh mhianach, go háirithe iad siúd a aithnítear san fhardal de chuid an EPA agus an RCFAN.

Tionchair

Laghdaítear an baol do dhaoine agus do ainmhithe le hathshlánú éifeachtach na seansuímh mhianach, chomh maith le rannchur dearfach a thabhairt do phobail tuaithe trí áiseanna nádúrtha feabhsaithe a sholáthar.

Táscairí Feidhmíochta

- Athshlánú Bhéal Átha Gabhann curtha ar aghaidh ar bhealach tosaíochta de réir na n-acmhainní atá ar fáil.
- Sásaítear na spriocanna a aithnítear i sceideal na n-oibreacha do sheanmhianaigh.
- Breithniú curtha ar aghaidh i leith na hoibre leasúcháin ag Abhóca.
- Cinntí déanta i leith suímh ar bith eile ar gá beart a dhéanamh ann.

SUIRBHÉIREACHT GHEOLAÍOCHTA ÉIREANN (SGÉ)

Réamhrá

Is craobh den Roinn í an SGÉ, agus is í atá freagrach as soláthar an eolais agus na comhairle geolaíochta atá ríthábhachtach don pholasaí bonneagair agus comhshaoil. Is sa Chlár Geo-Eolaíochta Náisiúnta (2007 – 2013) a leagtar amach an chreatlach don SGÉ fad tréimhse an Ráitis Straitéise seo.

Sprioc an Pholasaí
An tairbhe d'Éirinn a uasmhéadú ón eolas geo-eolaíochta d'ardchaighdeán ar ábhartha é d'éilimh na tíre agus a sholáthraítear ar bhealach costéifeachtach.

Cuspóir 1
Tacú le forbairt inbhuanaithe acmhainní nádúrtha na hÉireann.

Forfheidhmiú

- Cion tairbhe a thabhairt do bhainistiú agus do chosaint náisiúnta na bhfoinsí uisce trí Scéimeanna Cosanta Screamhuisce agus tuarascálacha cosanta foinse a chur ar fáil.
- Tacú leis an bpleanáil éifeachtach agus le soláthar bonneagair éifeachtúil trí Léarscáileanna Cumais Chomhbhailithe a sholáthar.
- An cumas ar stóráil gheolaíoch an charbóin in Éirinn a mheasúnú mar fhreagairt éifeachtach don éileamh chun astuithe gáis cheaptha teasa don aer a laghdú.

Tionchar

Beidh clár oibre SGÉ mar bhonn taca faoin gcinnteoireacht níos eolasaí ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an údaráis áitiúil ach an cumas a aithint um acmhainní screamhuisce agus greanmhill, um an phriacal don chomhshaol a thagann le seancheantair mhianadóireachta agus um na féidearthachtaí do stóráil an charbóin faoin talamh chomh maith.

Táscairí Feidhmíochta

- Críochnófar scéimeanna cosanta screamhuisce do Chontaetha an Chabháin, na Gaillimhe agus Shligigh agus criosanna cosanta foinse a dhreachadh do Chontae Lú.
- Críochnófar an Léarscáiliú Cumas Greanmhill i leith trí cinn de limistéar tosaíochta.
- Measúnacht uile-oileánda ar stóráil geolaíochta an charbóin, chomh maith le meastóireacht shainiúil sa mheán-iarthar chun aghaidh a thabhairt ar astuithe Ghob na Muine, Co. an Chláir.

Cuspóir 2
Tacaíocht geo-eolaíochta iontaofa a sholáthar don chaomhnú comhshaoil agus don phleanáil spásúil éifeachtach.

Forfheidhmiú

- Léarscáileanna geolaíochta agus fodhromchla a sholáthar ar inrochtana ar an ngréasán iad, chun tacú leis an bhforbairt bhonneagair sna ceantair chathrach.
- Staidéir a ullmhú ar ghuaiseacha sciorrtha talún.
- Coincheap na ngeopháirceanna a fhorbairt in Éirinn mar mheicníocht éifeachtach don turasóireacht inbhuanaithe.
- Tuarascálacha a ullmhú ar shuímh oidhreachta geolaíche mar thacaíocht don phróiseas pleanála.

Tionchar

Soláthraítear seirbhísí chun tacú leis an bpleanáil éifeachtach d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear acmhainní ríthábhachtacha ar fáil don fhorbairt réigiúnach chothrom, agus nach n-éillítear ná nach n-aimridítear iad leis an tithíocht ná le forbairt éigin eile.

Táscairí Feidhmíochta

- Críochnófar léarscáileanna geolaíochta cathrach do réigiún Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh na bliana 2009.
- Cuirfear fardal náisiúnta na sciorrthaí talún i gcrích faoi dheireadh na bliana 2009.
- Bunófar Fóram Geopháirceanna faoi dheireadh na bliana 2008 chun éascú d'fhorbairt na nGeopháirceanna, agus cuirfear i gcrích na tionscadail ag suímh Chósta an Chopair, Bhreifne (An Cabhán – Fear Manach) agus Bhoirinn-Aillte an Mhothair faoi dheireadh na bliana 2010.
- Críochnófar tuairisc suímh ina gclúdófar téama geolaíochta iomlán gach aon bhliain.

Cuspóir 3
Suirbhéanna geolaíochta a chríochnú sna limistéir thosaíochta mar fhreagairt ar éilimh earnálacha agus custaiméirí faoi leith.

Forfheidhmiú

- Déanfaidh Clár INFOMAR um léarscáiliú ghrinneall na farraige, ar bun i gcomhar le Foras na Mara, suirbhé ar chuanta tosaíochta agus ceantair chósta tosaíochta.
- Comh-léarscáileanna buncharraige agus fo-ithreach sna ceantair thosaíochta.
- Léirmhíniú na treoir-shuirbhéanna geoifisiciúla chun tacú le cuspóirí comhshaoil.

Tionchar

Soláthraíonn na suirbhéanna sin tacaíocht ríbhunúsach agus riachtanach do réimse clár SGÉ, ag cinntiú go mbaineann an tairbhe uasta leo don gheilleagar go ginearálta agus do chustaiméirí agus geallsealbhóirí araon. Amuigh ón gcósta tacóidh siad leis an tsábháilteacht mhuirí, le forbairt iascaigh agus le hinnealtóireacht, agus ar an míntír beidh siad mar chúnamh d'fhorbairt an bhonneagair, don chaomhnú comhshaoil agus do mheastóireacht mianraí nó greanmhill.

Táscairí Feidhmíochta

- Críochnófar léarscáiliú na gcuanta tosaíochta i gCorcaigh, Gaillimh, Ciarraí agus Port Láirge agus soláthrófar tacar táirgí agus iad bunaithe ar léarscáil faoin mbliain 2010.
- Cuirfear i gcrích comh-léarscáil buncharraige agus fo-ithreach do limistéar Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh na bliana 2009.
- Críochnófar léirmhínithe na suirbhéanna geoifisiciúla dá bhfuil ann faoi dheireadh na bliana 2008.

Cuspóir 4

Tacú le geilleagar an eolais trí sholáthar na rochtana ar bhunachair shonraí geo-eolaíochta agus trí thacú leis an taighde tosaíochta agus leis na seirbhísí oideachais.

Forfheidhmiú

- Gach sonra spásúil agus geoifisiciúil a sholáthar ar líne agus thar an ngréasán d'fhonn úsáid na sonraí SGÉ a uasmhéadú.
- Dámhachtainí Taighde Geo-Eolaíochta Uí Ghríofa a bhainistiú lena chinntiú go bhfeabhsaítear go mór an acmhainneacht um thaighde agus go mbeidh torthaí taighde den scoth ann.
- Tacaíocht phoiblí don gheo-eolaíocht a fheabhsú trí bhainistiú an chláir do Bhliain Idirnáisiúnta na Cruinne 2008, agus bunachar oilteachtaí gairmiúla láidir a chinntiú trí sheirbhísí oiliúna a sholáthar.

Tionchar

Deartar an réimse gníomhaíochtaí faoin gcuspóir seo lena chinntiú go mbíonn deiseanna suntasacha ann d'úsáideoirí sonraí agus geallsealbhóirí chun an luach uasta a bhaint as sonraí agus oilteachtaí geo-eolaíochta, lena n-áirítear, b'fhéidir, forbairt na nua-fhiontair eolais agus an eolais úir do chustaiméirí fuinnimh, uisce agus mara.

Táscairí Feidhmíochta

- Beidh gach a bhfuil de ghabhaltais sonnraí inár seilbh ar fáil ar líne faoi dheireadh na bliana 2009.
- Faoi dheireadh na bliana 2010 is amhlaidh a mhéadófar cumas taighde na n-ollscoileanna Éireannacha i bpáirt trí mhéadú 50% sna cistí giaráilte agus i bpáirt eile trí fhoilseacháin ardphróifíle in irisleabhair den scoth.
- Feicfidh 50,000 duine ar a laghad in Éirinn clár rathúil imeachtaí Bhliain Idirnáisiúnta Phlainéad an Domhain (IYPE) sa bhliain 2008, as a dtiocfaidh méadú 20% sna cuairteanna láithreáin ghréasáin. Feidhmeoidh láithreán gréasáin saintiomanta – www.planetearth.ie – mar an phríomhacmhainn faisnéise d'imeachtaí na bliana féin.

RANNÓG UM SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS ÉIREANN

Tá Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) i mbun feidhme ón mbliain 1824 i leith ag forbairt seirbhísí léarscálaíochta náisiúnta. Sa bhliain 2002 bunaíodh OSi mar chomhlacht stáit de réir reachta, leis na haidhmeanna straitéiseacha aici coinneáil uirthi lena ról do leas an phobail chomh maith le sainordú a fhorbairt dá táirgí agus seirbhísí léarscálaíochta a bheidh dírithe níos mó ar chúrsaí tráchtála. Tháinig OSi faoi scáth na Roinne le feidhm ó 1 Eanáir 2008 i leith.

Cuspóir 1
Maoirseacht éifeachtach thar Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) sa mhéid agus go gcoinníonn sí uirthi ag forbairt a sainchúram tráchtála, in éineacht le cuspóirí náisiúnta a shásamh.

Forfheidhmiú

- Rialachas corparáideach éifeachtach a chleachtadh thar OSi de réir an deachleachtais agus de réir threoirlínte an Rialtais.
- A chinntiú go sásaítear cuspóirí leasa náisiúnta.

Tionchair

Is ríbhunúsach é soláthar sonraí spásúla ar tráthúil agus cruinn iad do sheachadadh éifeachtúil na seirbhísí ag go leor eagras de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí. Dá chruinne agus dá ábhartha na sonraí a sholáthraíonn OSi dá cuid custaiméirí is amhlaidh ar mó an cumas a bheidh ann luach breise a chur leis an rannchur don tsochaí agus don gheilleagar araon, agus an rannchur sin a mhéadú,.

Táscairí Feidhmíochta

- Cuspóirí agus táscairí feidhmíochta iomchuí arna n-aontú le OSi.
- Rialachas corparáideach éifeachtach de OSi, de réir an deachleachtais agus de réir treoirlínte an Roinn Airgeadais.
- Deontas i gCabhair leis an gcuid neamhthráchtála de shainchúram OSi a mhaoiniú.

IASCAIGH INTÍRE

Réamhrá

Is ag an Roinn atá cúram polasaí fhoriomlán do chaomhnú, bainistiú, rialáil agus forbairt acmhainn na n-iascach intíre, a bhaintear amach den chuid is mó trí rialachas corparáideach an Phríomh-Bhoird Iascaigh, na seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha agus Gníomhaireacht na Lochanna. Is iad an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha atá freagrach as comhairle polasaí a sholáthar, gníomhaíochtaí a chomhordú, seachadadh agus forfheidhmiú seirbhísí. Is gníomhaireacht de chuid Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (FCILC) a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 chun caomhnú, bainistiú, cur chun cinn agus forbairt éifeachtach na n-acmhainní iascach agus muirí a sholáthar do cheantair Loch Feabhail agus Loch Cairlinn.

Seachas an luach eacnamaíoch d'Éirinn a bhaineann le hearnáil na n-iascach intíre, is amhlaidh atá riachtanas éiceolaíochta ann an acmhainn uathúil sin a chaomhnú agus a chosaint aisti féin. Is sócmhainn náisiúnta iad ár gcuid stoc éisc ar cheart go gcaomhnófaí agus go dtabharfaí cosaint dóibh chomh maith lena ndúshaothrú mar acmhainn ag cách ar bhonn cothromasach inbhuanaithe.

Tugadh isteach tacar beart caomhnúcháin ón mbliain 2007 i leith de réir na comhairle eolaíche a d'fhoráil do laghduithe san iarracht iascaigh fhoriomlán i leith an bhradáin agus deireadh leis an iascach stoic mheasctha d'fhonn stoic a bhuanú agus a atógáil.

Baineann na príomhdhúshláin le linn an tréimhse 2008 – 2010 leis an réimeas a tugadh isteach sa bhliain 2007 a choinneáil ar bhun agus dlúth-mhonatóireacht a dhéanamh ar a thionchar ar stoic bhradáin d'fhonn cothrom na Féine a bhaint amach idir an caomhnú agus an dúshaothrú. Is dúshlán ann féin é tabhairt faoi chaomhnú agus bhainistíocht na gcineálacha eile iasc. Os coinne an chúlra sin, baineann ríthábhacht le forbairt agus cur ar aghaidh straitéisí éifeachtacha do chaomhnú gnáthóga na n-iasc agus stoc iascaigh intíre araon a mheallann comhthoil leathan i measc geallsealbhóirí. Tá deiseanna suntasacha ann freisin do chomhordú na dtionscnamh seo agus tionscnamh eile ar bhonn Thuaidh Theas.

Sprioc an Pholasaí

Acmhainn iascaigh intíre a chaomhnú trí rialachas corparáideach éifeachtach ar na ngníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus dúshaothrú na hacmhainne a éascú ar bhonn cothromasach inbhuanaithe.

Cuspóir 1
Caomhnú éifeachtach a chinntiú ar ghnáthóga na n-iasc agus ar na stoic iascaigh intíre, go príomha trí mheán na mboird iascaigh agus Ghníomhaireacht na Lochanna.

Forfheidhmiú

- A chinntiú gurb iad an chomhairle eolaíoch agus na cleachtais bhainistíochta na cinn is fearr atá ar fáil agus atá mar ardán iomchuí chun caomhnú a bhaint amach, ag féachaint d'oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le gnáthóga agus bithéagsúlacht éiceolaíochta.
- Caomhnú na stoc agus gnáthóga na n-iasc, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, a chinntiú trí ailíniú éifeachtach na bpolasaithe le seirbhísí a sheachadtar trí ghníomhaireachtaí Stáit.
- Spreagadh a thabhairt don fhorbairt chothrom inbhuanaithe, trí infheistíocht agus tacaíocht iomchuí laistigh de shrianta acmhainne, do na hacmhainní iascaigh thráchtála agus siamsaíochta.

Tionchair

Gnóthú agus coinneáil leis na teorainneacha caomhnaithe stoic do bhradáin de réir straitéis an Rialtais.
A chinntiú nach mbaintear aon stoc iascaigh intíre go mídhleathach.
Comhlíonadh na ndualgas faoin Treoir um Ghnáthóga, faoin Chreat-treoir Uisce agus faoin Treoir um Bhithéagsúlacht, iad go léir de chuid an AE.

Dúshaothrú agus forbairt chothromasach na hacmhainne iascaigh intíre.

Táscairí Feidhmíochta

- Leibhéil stoic na mbradán sna haibhneacha.
- Comhairle eolaíoch den deachleachtas, arna tacú ag aontuithe cuimsitheacha agus soiléire faoi leibhéal na seirbhíse agus ag bearta bainistíochta tráthúla éifeachtacha tacúla.
- Glacadh Choimisiún an AE le feidhmíocht a thuairiscítear de réir na dtreoracha.

Cuspóir 2
Creatlach reachtúil agus rialúcháin éifeachtach agus luach ar airgead a sheachadadh as bainistiú na hearnála iascaigh intíre.

Forfheidhmiú

- Struchtúir bhoird nua a chur i bhfeidhm le cruthú na sé limistéar creatlaí uisce a thabhairt san áireamh, agus chun línte soiléire údaráis idir an príomh-bhord iascaigh agus na boird iascaigh réigiúnacha a chinntiú.

- An chreatlach rialála reachtúil is gá a sholáthar chun na struchtúir úra a chur i gcrích.
- Rannpháirtíocht iomlán i gComhairle na nAirí Thuaidh-Theas, san Earnáil Uisceshaothraithe agus in Earnáil na Mara a chinntiú.

Tionchair

Ról nua don Stát arna aithint agus arna fhorfheidhmiú go soiléir um bhainistiú agus um rialáil na hearnála.
Struchtúir, bainistiú agus reachtaíocht níos cuíchóirithe, níos éifeachtaí agus níos cuntasaí i bhfeidhm.
Na gníomhaireachtaí feistithe leis an reachtaíocht agus na hacmhainní is gá chun earnáil na n-iascach intíre a bhainistiú go héifeachtach de réir an nua-réimis bhainistíochta.

Táscairí Feidhmíochta

- Rialachas corparáideach den deachleachtas ar ghníomhaireachtaí iascaigh intíre arna thacú le conarthaí feidhmíochta soiléire cuimsitheacha leis an Roinn agus idir na gníomhaireachtaí.
- Seachadadh den scoth ag gníomhaireachtaí de "chomhsheirbhísí" de réir na spriocanna a leagtar amach sna conarthaí feidhmíochta bliantúla.
- An reachtaíocht agus na hacmhainní is gá chun earnáil na n-iascach intíre a bhainistiú go héifeachtach de réir an nua-réimeas bhainistíochta ar fáil dos na gníomhaireachtaí.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Réamhrá

Is iad Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Iniúchadh Inmheánach, agus Seirbhísí Corparáideacha réimsí na bainistíochta corparáidí atá bainteach leis an Ráiteas Straitéise seo.

Is é ról na réimsí seo ná tacaíocht a thabhairt do rannóga líne na Roinne chun na cuspóirí earnálacha atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach agus freagracht ar leith a ghlacadh as saincheisteanna leathana a bhaineann le dhá Rannóg nó níos mó. Tá na cuspóirí do gach ceann de na cúig réimsí atá liostaithe thuas leagtha amach anseo thíos.

ACMHAINNÍ DAONNA

Cuspóir

Leanúint ag tacú le hinspreagadh agus leas na foirne, agus ag bunthacú na feidhmíochta eagraíochtúla agus an fheabhsaithe leanúnaigh i gcomhréir le deachleachtas sa réimse.

Forfheidhmiú

- Dréacht Straitéis Acmhainní Daonna (AD) nua don 2008 – 2010 a thugann aird ar fhorbairtí i CBFF agus Clár Nuachóirithe na Státseirbhíse i gcoitinne chomh maith leis na dúshláin a tháinig chun cinn toisc dílárú agus láimhdeachas measta i bhfoireann na Roinne.
- Leanúint ag tacú le dea-dhlúthú an Chóras um Bhainistiocht agus Fhorbairt Fheidhmíochta comhtháite (CBFF) laistigh den Roinn.
- Ceadúnas earcaíochta a fháil ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) d'fhonn tuilleadh solúbthachta a thabhairt don Roinn i dtéarmaí earcaíocht na foirne.
- Forfheidhmiú éifeachtach de fháil agus scaoileadh na foirne a bhaineann leis an gclár díláraithe.
- Polasaithe agus cleachtais a chur i bhfeidhm a chuireann tacaíocht phraiticiúil ar fáil i leith reachtaíochta agus deachleachtais um mhíchumas agus a chothaíonn timpeallacht oibre réamhghníomhach do bhaill foirne atá faoi míchumas.

Táscairí Feidhmíochta

- Tacaíocht éifeachtach a thabhairt don dílárú ach an t-uasmhéad de bhaill foirne ar mhian leo dílárú go dtí An Cabhán agus atá ar aon dul le riachtanais an chlár ama agus riachtanais ghnó a thabhairt isteach.
- Feidhmíocht eagraíochtúil mar thomhas ar éifeachtacht na straitéise agus na nósanna imeachta AD.

- Géilliúlacht don gciogal CBFF in éineacht le comhsheasmhacht agus trédhearcacht i dtéarmaí measúnuithe foirne.
- Cleachtais agus nósanna imeachta earcaíochta na roinne i gcomhréir iomlán leis na forálacha den gceadúnas earcaíochta againn, cleachtais agus nósanna a chomhlíonann riachtanais na n-iniúchtaí CCSP.
- Seirbhísí míchumais curtha ar fáil i gcomhréir leis an reachtaíocht nua agus le deachleachtas an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Aithníonn an Roinn gur príomh-mhodh í teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun go bhféadfar di a spriocanna gnó a bhaint amach. Rinneadh infheistíochtaí móra le blianta beaga anuas chun bonneagar teicniúil iontaofa agus córais faisnéise a chur ar fáil a éascaíonn dos na aonaid ghnó a sainchuspóirí a bhaint amach.

Tá fócas na n-infheistíochtaí seo mionsonraithe i Straitéis TFC na Roinne (2005 -2007) agus níos luaithe. Forbrófar Straitéis TFC nua (2008 – 2010) chun a chinntiú go mbeidh treo na TFC agus na hinfheistíochtaí sa todhchaí in oiriúint don straitéis ghnó reatha seo.

Cuspóir

Bonneagar, teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus cumarsáide daingean cobhsaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil mar thacaíocht do fhreagrachtaí earnála agus eagraíochtúla na Roinne.

Forfheidhmiú

- Straitéis TFC 2008-2010 nua a fhorbairt sa chéad leath de 2008 a chuirfidh leis an infheistíocht go dtí seo, a chomhdhlúthóidh agus a fheabhsóidh cumais, r-sheirbhísí agus córais.
- Bonneagar teicniúil a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do rochtain inmheánach agus poiblí ar shonraí digiteacha i rith 2008.
- Feidhm á bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun tacaíocht a thabhairt do leanúnachas na seirbhíse TFC i ngach ionad dá bhfuil an Roinn.
- Córas rialachais a fheidhmiú lena n-áirítear athbhreithnithe i ndiaidh gach tionscadail mhóir chun na tairbhí gnó agus éifeachtachtaí feidhmíochta a bhaintear amach a thomhas.

Tionchair

Seirbhís TFC atá éifeachtach ó thaobh costais de a bhaint amach cun tacaíocht agus spreagadh a thabairt do tháirgeacht agus do éifeachtacht sa Roinn.

Táscairí Feidhmíochta

- Straitéis TFC nua curtha i bhfeidhm agus í ag sroichint na tagarmharcanna ábhartha.
- Slándáil, cobhsaíocht, agus ard-sofhaighteacht na seirbhísí TFC go léir.
- Seirbhísí TFC á chur ar fáil agus iad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.
- Glaonna na deisce cabhraí á réiteach i gcomhréir le Comhaontuithe um Leibhéil na Seirbhíse.
- R-Sheirbhísí á n-úsáid ag custaiméirí.
- Treorachtaí um shásamh na gcustaiméirí inmheánacha arna thomhas ag athbhreithnithe bliantúla.

RANNÓG AN AIRGEADAIS

Cuspóir 1
Cúrsaí airgeadais na Roinne a bhainistiú ar bhonn leanúnach i gcomhréir iomlán leis na nósanna imeachta airgeadais agus tacaíocht a thabhairt do éifeachtacht eagraíochtúil agus ceapadh polasaí atá bunaithe ar fhianaise le pleanáil ghnó agus airgeadais láidir, le measúnú agus le fadbhreathnaitheacht.

Forfheidhmiú

- Riarachán leanúnach de chistí a Vótáiltear don Roinn.
- Comhordú na riachtanas freagrachta agus reachtúla go léir maidir le cistí a Vótáiltear don Roinn.
- Seachadadh tráthúil na pleanála gnó agus straitéise bliantúla agus ilbhliantúla ag Rannóga agus ag an Roinn.
- Forbairt fhorásach na gcumas anailíse, measúnaithe agus fadbhreathnaitheacht polasaí.
- Leanúint d'oirniú na Creatlaí Faisnéise Bainistíochta d'fhonn Faisnéis Bhainistíochta fíor-ama a bhaint amach maraon le Creatlach Phríomh Fheidhmíochta mar thacaíocht don phleanáil straitéiseach agus don tuairisciú.
- Feabhas a chur ar an eolas sa Ráiteas Aschuir Bhliantúil.
- Deachleachtas bainistíochta riosca a chur chun cinn agus a leithéid a úsáid i bpleanáil ghnó ar fud na Roinne.

Cuspóir 2
Imlonnú agus beartú tosaíochta na n-acmhainní leis an éifeacht is fearr a chinntiú, d'fhonn aschur aontaithe agus luach an airgid a bhaint amach.

Forfheidhmiú

- Córais acmhainneachta um dheachleachtas bainistíocht airgeadais a thógáil agus cultúr a bhaineann torthaí agus aschuir amach agus a bheidh mar bhonn

agus mar thaca don bhfreagracht.
- Feabhsú leanúnach i nósanna imeachta um bhainistíocht airgeadais inmheánacha agus um rialáil.
- Cinntiú go mbaintear amach go leanúnach tairbhí an Chórais Airgeadais Agresso ina n-iomlán.
- Straitéis Bainistíochta na Sócmhainní a choinneáil faoi athbhreithniú agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh uirthi.
- Plean Iniúchóireachta Straitéiseach 2007–2010 a chur i bhfeidhm de réir an sceidil.
- Cinntiú faoi mhonatóireacht éifeachtach agus faoi dhualgais um thuairisciú agus um athbhreithniú polasaí faoin bPFN 2007-2013 a chomhlíonadh agus forfheidhmiú de Chreatlach láidir um Luach ar Airgead san áireamh.

Táscairí Feidhmíochta
- Feidhmiú agus seachadadh sásúil córais bhainistíocht airgeadais na Roinne.
- Bainistiú agus seachadadh phunann na dtuarascálacha airgeadais míosúla agus tuarascálacha bliantúla aon-uaire nach iad de réir tréimhse ama comhaontaithe .i. an Tuarascáil Chaipitil Bhliantúil, Tuarascálacha NDP agus an Ráiteas Táirgeachta Bliantúil.
- Monatóireacht ar chomhlíonadh na Roinne des na Treoirlínte le haghaidh Measúnú agus Bainistíocht ar Chaiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí agus des na Treoirlínte um Luach an Airgid (VFM).

INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Is aonad neamhspleách é feidhmeannas na hIniúchóireachta Inmheánaí a chuireann dearbhú oibiachtúil ar fáil maidir le hacmhainneacht, nó a mhalairt, des na córais stiúrtha inmheánacha sa Roinn agus, áit ar ghá, cuireann sé gníomhaíocht comhairliúcháin ar fáil d'aon gnó chun luach a chur le oibríochtaí na Roinne agus iad a fheabhsú. Feidhmíonn sé le húdarás díreach an Ard-Rúnaí agus faoi mhaoirseacht agus faoi threorú ginearálta an Coiste Iniúchóireachta.

Cuspóir
Éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Córais Stiúrtha Inmheánacha sa Roinn a chinntiú.

Forfheidhmiú
- Athbhreithniúcháin sceidealta ar Chóras Rialála Airgeadais Inmheánach na Roinne chun a chinntiú de go bhfuil sé á fheabhsú ar bhonn leanúnach.
- Clár Iniúchóireachta Inmheánach Bliantúil á fhorbairt ar bhonn anailís riosca.
- An clár iniúchóireachtaí bliantúla atá beartaithe a chomhlíonadh faoi threorú Coiste Iniúchóireachta na Roinne.

Tionchair

Dearbhú a sholáthar maidir le leorgacht na gcórais stiúrtha inmheánacha, nó a mhalairt.

Cabhrú leis an Roinn a cuspóirí a bhaint amach trí cur chuige córasach smachtaithe a chur i gcrích i leith luacháil agus feabhsú ar éifeachtacht bainistiú riosca, ar stiúradh agus ar an bpróiseas rialachais.

Táscairí Feidhmíochta

- Iniúchóireachtaí atá comhlíonta in am agus faomhaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta.
- Cur i ngníomh éifeachtúil agus pras ar mholtaí um Iniúchóireacht.
- Deimhniú ar chaighdeán na stiúrtha atá leagtha amach sa Ráiteas Rialála Airgeadais atá ceangailte leis an gCuntas Leithreasaithe.
- Comhlíonadh ábhartha de threoirlínte an Roinn Airgeadais agus siúd an Choimisiúin Eorpaigh.

RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

AONAD COMHORDAITHE

Déanann an tAonad comhordú ar chúrsaí trasrannáin, idir-rannach agus idir-dhlínsiúil agus ar chúrsaí gnó an AE thar réimsí polasaithe ar leith: Polasaí intíre, Gnóthaí an AE, Gnóthaí Thuaidh Theas agus Cúrsaí Míchumais.

Cuspóir

An cuspóir foriomlán atá ann ná an tseirbhís comhordaithe is fearr is féidir a chur ar fáil do Ranna thar an eagar leathan fadréimseach de réimsí geilleagair agus polasaithe gur de shainchúram na Ranna iad. Chomh maith leis seo, seirbhís den scoth a sholáthar do ghrúpaí Idir-rannacha agus grúpaí Polasaí ar a bhfuil ionadaí na Roinne.

Forfheidhmiú

- Cinntiú go bhfuil ceisteanna ábhartha curtha i dtreo na Rannóige nó na Rannóg cuí le haghaidh faisnéisiú agus nuashonrú.
- An t-eolas is deireanaí a thabhairt don Aire, don gCoiste Bainistíochta agus do Ranna Rialtais eile agus do eagraíochtaí eile ar bhealach cruinn tráthúil.
- Tuairisc a thabhairt do na fóraim ábhartha Idir-rannacha agus AE mar is gá.

AONAD AN PHOLASAÍ SOLÁTHAIR & RIALACHAIS CORPARÁIDIGH

Déanann an tAonad comhordú ar an gCreatlach Rialachais Chorparáidigh uileghabhálaigh chun freagrachtaí na Rannóg um Rialachas Corparáideach a éascú ó

lá go lá. Pléann sé freisin le socruithe conarthacha le haghaidh POF-anna de Chomhlachtaí Stáit.

Soláthraíonn an tAonad seirbhís chomhairliúcháin agus tacaíochta do Rannóga chomh maith i gcleachtadh na bhfeidhmeanna soláthair a chineachadh ar fud na Roinne.

Spriocanna Polasaí
Éascú a dhéanamh ar fheabhsú ar shocruithe rialachais chorparáidigh le haghaidh gach comhlacht atá faoi scáth na Roinne trí fhorbairt a dhéanamh ar Chreatlach Dheachleachtas Rialachais Chorparáidigh agus í a choinneáil ar bun chun cabhrú le Rannóga lena bhfreagraíochtaí rialachais laethúla.

Comhairle a thabhairt do Rannóga ar gach ceist a bhaineann le soláthar, treoirlínte an Roinn Airgeadais um sholáthar a chomhlíonadh ach go háirithe, agus an t-ordú um luach an airgid a bhaint a chur chun cinn.

Cuspóir 1
Cinntiú go bhfuil struchtúr uileghabhálach an Rialachais Corparáidigh láidir éifeachtach agus é bunaithe ar dheachleachtas chun éascú a dhéanamh ar rialú na Rannóg ó lá go lá ar na comhlachtaí atá faoi scáth na Roinne agus a chinntiú gur cruinn agus tráthúil iad na tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí Rialúcháin chuig Airí agus chuig an Coiste Bainistíochta.

Forfheidhmiú
- Cinntiú go dtuaraiscítear nuashonruithe agus treoracha ón lár chuig na Bainisteoirí Sinsearacha agus chuig Rannóg(a) ábhartha.
- Caidreamh a chothú leis an Roinn Airgeadais maidir le cúrsaí i leith conarthaí POF na gComhlachtaí Stáit agus nuashonrú a dhéanamh ar tháillí agus liúntais.
- Bainistiú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin r-rialachais mar acmhainn eolais do Rannóga go bhfuil freagracht Rialachais Corparáidigh acu agus le haghaidh tuairiscí a chur le céile le haghaidh an Aire agus le haghaidh an Choiste Bainistíochta.

Tionchair
Cur in iúl tráthúil de threoirlínte nuashonraithe faoi scálaí pá agus tuarastail. Déileáil le cúrsaí conartha a luaithe is féidir de réir treoirlínte an Roinn Airgeadais. Sofhaighteacht ar eolas cruinn suas chun dáta i leith gach bord stáit.

Táscairí Feidhmíochta
- Cineachadh éifeachtach agus éifeachtúil ar threoirlínte agus treoracha an Roinn Airgeadais.

- Tuarascálacha ábhartha cruinne arna gcumadh don Aire agus don gCoiste Bainistíochta.

Cuspóir 2
Plean Soláthair deachleachtais nua a dhearadh agus a chuir i bhfeidhm agus bearta ann chun úsáid fhuinnimh, pháipéir agus acmhainní eile na Roinne féin a laghdú.

Forfheidhmiú

Leanfaidh an plean soláthair an teimpléad atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais agus forbrófar é ar bhonn breisíoch. Comhlíonfar an chéad staid den anailís san chéad ráithe (R1) den 2008 agus comhlíonfar an plean iomlán faoin R4 2008. Tosóidh rolladh amach ar an bplean go dtí Rannóga atá i mbun soláthair in 2009.

Tionchair

Beidh lámhleabhar deachleachtais le haghaidh gach oifigeach soláthair mar chuid den Phlean nua. Cabhróidh a fhorfheidhmiú le "caighdeánú" a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair chomh fada agus is féidir agus an aidhm atá ann ná soláthar cineachta áirithe a chomhiomlánú cibé uair gur féidir breis luach ar airgead agus breis éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint as an gcomhiomlánú sin.

Táscaire Feidhmíochta

- Plean críochnaithe in 2008 agus seolta in 2009.

SAINCHEISTEANNA LEATHANA

Tiomantais faoin Acht um Mhíchumas 2005

Cuspóir
Seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil na dtiomantas a déanadh i bPlean Earnála na Roinne faoin Acht um Mhíchumas 2005 ar aon dul le forbairtí lárnacha agus le cláracha ama agus aird a thabhairt do leas geallsealbhóirí seachtracha.

Forfheidhmiú

- Leanúint le forfheidhmiú na dtiomantas i bPlean Earnálach na Roinne atá curtha chun cinn go maith cheana féin maidir le gach earnáil atá faoin ár sainchúram.
- Leanúint den bhforbairt go dtí seo trí éascú don Choiste Monatóireachta an Phlean Earnálach neamhspleách agus cur chun cinn agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an bpróiseas ar bhonn leanúnach.
- Idirchaidreamh éifeachtach le hionadaithe na Rannóg chun éascú a dhéanamh ar bhaint amach eilimintí sain-réimse den Phlean Earnálach agus, trí Rannóga, le Gníomhaireachtaí faoi scáth na Roinne a bhfuil freagrachtaí acu faoin Acht um Mhíchumas 2005.
- Tuarascálacha tráthrialta chuig Airí agus chuig an Choiste Bainistíochta de réir riachtanais eolais bainistíochta agus de réir dualgas reachtúil.
- Cumarsáid agus comhairle éifeachtach le gach geallseallbhóir tríd an Coiste Monatóireachta.
- Idirchaidreamh éifeachtach leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ina príomh-Roinn di agus tríthi le grúpaí geallsealbhóirí foirmiúla.
- Iniúchadh a dhéanamh ar thionscnaimh earnála féideartha sa bhreis chun chun cur leis na tiomantais atá ráite againn cheana féin.

Táscairí Feidhmíochta

- Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil ar fhreagrachtaí faoin Acht um Mhíchumas 2005.
- Tiomantais a bhaint amach de réir táscairí dul chun cinn aontaithe den bPlean Earnálach, agus iad tomhasta dá réir.
- Dul chun cinn suntasach ar thiomantais a chur i bhfeidhm faoin bPlean Earnálach de réir creatlacha ama lárnacha agus ar aon dul le riachtanais aonair agus riachtanais ghnó.
- Sásamh geallsealbhóirí maidir le cur i ngnímh agus cumarsáid.
- Ceisteanna earnála a aithint de bhreis ar thiomantais ar féidir iad a mheas mar fheabhsaithe nó mar chion tairbhe breise don a leagtar orainn i leith Mhíchumais.

Rialáil Níos Fearr

Is croí-eilimint de Straitéis na Roinne í polasaí rialála agus leithne ár sainchúraim thar réimse suntasach earnálacha rialaithe a thabhairt san áireamh. Tá an cur chuige atá againn ailínithe le Creatlacha náisiúnta um an AE agus le forbairtí polasaithe idirnáisiúnta níos leithne. Clúdaíonn na straitéisí earnálacha a luaitear níos luaithe san Ráiteas Straitéise seo na cláir oibre rialúcháin a bhaineann le gach réimse gnó faoi seach.

Cuspóir

Rialúchán éifeachtach ar na hearnálacha atá faoin ár sainchúram a chinntiú.

Forfheidhmiú

- Creatlacha rialála earnálacha a bheith againn agus iad de réir an Pháipéir Bháin *Rialáil Níos Feárr.*
- Athbhreithniú agus forbairt ar chreatlacha rialála éifeachtacha chun dul i ngleic le bainistiú agus dáileadh acmhainní poiblí (speictream, acmhainní amuigh ón gcósta agus mianraí), agus leis an rochtain orthu.
- Cur le forbairtí lárnacha maidir le polasaithe agus le cleachtais rialála agus comhoibriú agus comhairliúchán níos struchtúrtha le Ranna eile agus le Gníomhaireachtaí ar shaincheisteanna faoi pholasaí rialála.

Táscairí Feidhmíochta

- Creatlacha rialála éifeachtacha ar bhun.
- Socruithe feabhsaithe le haghaidh rialáil agus bainistiú ar acmhainní poiblí.
- Ard-chaighdeán ranníocaíochta agus comhoibrithe as a leanfaidh polasaithe agus cleachtaí feabhsaithe.

COMHAIRLIÚCHÁN, FORFHEIDHMIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ NA STRAITÉISE

Comhairliúchán

D'fhonn an Ráiteas Straitéise seo le haghaidh na Roinne a fhorbairt chuathas i gcomhairle le hAirí, leis an bhfoireann agus leis na gníomhaireachtaí agus na geallsealbhóirí eile.

Chuir comhairliúcháin le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí na Roinne seo Bainisteoirí Sinsearacha, i gcomhar lena bhfoirne, ar an eolas faoi anailís, spriocanna agus straitéisí earnálacha a ullmhú. Rinne an Coiste Bainistíochta maoirseacht ar an bpróiseas agus déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhonn leanúnach i dteannta leis an Aire agus leis an Aire Stáit agus i gcomhairle le Bainisteoirí Sinsearacha.

D'fhógair an Roinn glao ar thuairimí i Meán Fómhair 2007 sna páipéir nuachta náisiúnta agus ar a suíomh gréasáin. Fuarthas 62 aighneacht ar ábhair a bhaineann le réimsí earnálacha éagsúla na Roinne. Tá liosta de na haighneachtaí in Aguisín D agus is féidir teacht ar na haighneachtaí a fuarthas ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.dcenr.gov.ie).

Tógfar ar an tionscnamh comhairliúcháin poiblí seo i gcomhar le geallsealbhóirí thar saolré an Ráitis mar atá leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís Chustaiméara ar Ardchaighdeán agus de réir treoirlínte an Rialtais le haghaidh comhairliúcháin níos fearr ag an Seirbhís Phoiblí.

Forfheidhmiú agus Athbhreithniú

Léiríonn na spriocanna agus straitéis atá leagtha amach sa Ráiteas seo clár oibre dúshlánach amách go dtí an 2010. Cuireann siad béim ar an riachtanas reatha chun cur chuige dian a bheith ann i leith úsáid acmhainní agus bheartú tosaíochtaí. Déanfaimid cinnte go bhfuil an solúbthacht cheart ann chun freagairt do athruithe ach chun a bheith mar cheannródaí i leith athruithe inár gcuid earnálacha chomh maith agus príomhchuspóirí agus tosaíochtaí an Rialtais agus na nAirí a bhaint amach.

Is é an Ráiteas Straitéise an chreatlach do Phleananna Gnó na Rannán a leagann amach na spriocanna bliantúla le haghaidh gach ceann de na limistéir ghnó agus dearcadh ilbhliantúil iontu.

Tá an Córas um Bhainistíocht agus Fhorbairt Fheidhmíochta (CBFF) ailínithe go dlúth le próiseas Pleanála Gnó na Rannán. Déanann gach ciogal CBFF bliantúil cinnte go ndéantar tomhas ar fheidhmiúchán aonair de réir spriocanna aontaithe agus go sásaítear riachtanais traenála agus forbartha.

Is ar Bhainisteoirí Sinsireacha na Roinne a luíonn an phríomh-fhreagracht as Pleananna Gnó na Rannán agus as CBFF a chur i ngnímh, de réir an tsannadh fhoirmiúil des na bhfreagraíochtaí a rinneadh faoi Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta athbhreithniú ar an dul chun cinn ar Phleananna Gnó na Rannán dhá uair in aghaidh na bliana.

Déanfaidh Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do gach ceann de na blianta lena bhaineann an Ráiteas Straitéise seo tuairisc ar ár bhfeidhmiúchán agus ár seachadadh i leith spriocanna agus straitéisí polasaithe na hearnála. Beidh monatóireacht ar sheachadadh ag brath ar athbhreithnithe luachála polasaí, ar ár Straitéis um Bhainistíocht Riosca, ar an gCreatlach um Fhaisnéis Bhainistíochta agus ar an gclár d'athbhreithnithe caiteachais um Luach ar Airgead.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN A – STRUCHTÚR NA ROINNE



AGUISÍN B – GNÍOMHAIREACHTAÍ NA ROINNE

Déanann an Roinn maoirseacht ar 24 chomhlacht Stáit idir comhlachtaí tráchtála, neamhthráchtála agus rialúcháin mar atá liostaithe thíos.

COMHLACHT
An Bord Mianadóireachta
An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin
An Coimisiún Náisiúnta um Bhradáin
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta
An Post
An Príomh-Bhord Iascaigh
Boird Iascaigh Réigiúnacha (7)
Bord Gáis Éireann
Bord na Móna plc
Bord Soláthair an Leictreachais
Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann*
Coimisiún Craolacháin na hÉireann
Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC)
EirGrid plc
Fuinneamh Inbhuanaithe Inmharthana Éireann
Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh
Radio Teilifís Éireann
Suirbhéireacht Ordnáis Éireann
Teilifís na Gaeilge (TG4)

*comhlacht fhorfheidhmithe faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999

APPENDIX C

TIOMANTAIS AN RCFAN UM CHLÁR AN RIALTAIS

Tiomantas

Rolladh amach ar leathanbhanda ar fud na tíre a chomhlánú leis an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (SNL).

An aistriú céimnitheach go Prótacal Idirlín (IP) bunaithe ar Ghréasáin an Chéad Ghlúin Eile a spreagadh.

Deighilt an gréasán ag Eircom ón ghnó tráchtáil miondíola aige go haonán atá scartha uaidh agus é arna rialú ag ComReg, ar bhonn rochtana foroscailte tréscaoiltí, a spreagadh.

Tairiscintí a chuir isteach ar chonarthaí chun sofhaighteacht leathanbhanda a sholáthar sa 10% deireanach den tír. Beidh ar na tairiscintí rathúla bheith tiomanta ar réitigh teicneolaíochta a úsáid chun go mbeidh an méid is mó comórtais is féidir ann.

An scéim reatha um chíos teileafóin saor in aisce a fhorbairt ach leathanbhanda saor in aisce a sholáthar do dhaoine aosta. Tabharfar cuireadh don tionscal tairiscint a chur isteach as an tseirbhís cuachta nua le haghaidh daoine aosta de leathanbhanda agus telefóin ar chíos a sholáthar.

An Bille Craolacháin a achtú chun creatlach cuimsitheach, nua-aimseartha dlí don earnáil a chinntiú.

Údarás Craolacháin na hÉireann a bhunú.
Ceart freagartha gasta a thabhairt dóibh siúd a clúmhilltear ar chláir raidió nó teilifíse.

Obair leis na heagraíochtaí craolacháin éagsúla agus páirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha a bhaineann le fógraíocht atá dírithe ar dhaoine óga um 'bhia beagmhaitheasa'. Is é atá ar intinn anseo ná deireadh a chur lena léithéad d'fhógraíocht diaidh ar ndiaidh.

Comhlíonadh an treoirthionscadail Theilifís Trastíre Dhigiteach (TTD) agus rolladh amach TTD a chomhlíonadh achar fada roimh spriocdháta 2012 an AE.

Bonn reachtúil a chur faoi athbhreithnithe ar tháillí do cheadúnais teilifíse.
Maoin sa bhreis a sholáthar do TG4 as tuilleadh clár as Gaeilge a chur san sceideal.

Líon na gclár ar sceideal RTÉ agus a déantar in Éirinn a uasmhéadú.

Cartlanna RTÉ a dhigitiú lena n-úsáid i gcúrsaí oideachais agus taighde.

Cinntiú go dtugann RTÉ tacaíocht do chraoladh chuig an phobal Éireannach thar lear. Scrúdóimid ar féidir obair le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Údaráis Thuaisceart Éireann chun seirbhís chraolacháin dhigiteach 'saorchraolta' uile-oileánda a fhorbairt a iompródh RTÉ1, RTÉ2, TG4, TV3 agus na príomhbhealaí seirbhíse poiblí san mBreatáin Mhór agus i dTuaisceart Éireann.

Timpeallacht cothrom iomaíoch a chinntiú le haghaidh an earnáil teilifíse agus raidió neamhspleách.

Obair le Tithe an Oireachtais agus le húdaráis áitiúla chun clársceidealú a iompraíonn fothaí beo de ghnó an Oireachtais agus cruinnithe Comhairlí Áitiúla, nuair is féidir.

Líonra láidir inmharthana d'oifigí poist a chinntiú, líonra a shroicheann gach pobal in Éirinn agus a thugann luach saothair ceart dóibh siúd uilig atá páirteach ann.

Forbairt a dhéanamh ar An bPost mar sheirbhís airgeadais den chéadscoth chun cabhrú leis an sprioc sin.

Cinntiú go bhfeidhmíonn an méid seirbhísí Rialtais agus is féidir trí líonra na n-oifigí poist.

Córas postchód a thabhairt isteach in Éirinn chun earnáil phoist láidir iomaíoch a chinntiú agus costais a laghdú go suntasach do thomhaltóirí, do ghnóthaí agus don earnáil deonach.

Rátaí "seachadadh an lá dar gcionn" i bhfad níos fearr a áiteamh ar An bPost agus na rátaí a nascadh le méadú ar bith ar phraghsanna stampaí amach anseo.

Cumhacht a thabhairt do ComReg méaduithe a shiarchoinneáil agus/nó ioncam a aisghlámadh nuair nach sroichtear na spriocanna seachadta.

Cinntiú go bhfreastalaíonn soláthar leictreachais ar an éileamh go seasta.

Slándáil agus iontaofacht na soláthairtí gáis a chinntiú.

Feabhas a dhéanamh ar éagsúlacht na mbreoslaí le haghaidh giniúint fhuinnimh, acmhainní in-athnuaite ach go háirithe. Forbairt phunann talún do shuímh ghinte cumhachta atá i seilbh an stáit a chinntiú chun iontráil ghiniúna neamhspleáí nua a éascú.

An t-idirnascaire leictreachais Soir Siar agus an dara hidirnascaire Thuaidh Theas a sheachadadh.

Leictreachas agus gás a sheachadadh chuig teaghlaigh agus gnóthaí thar líonraí éifeachtacha iontaofa daingne.

Timpeallacht seasmhach le haghaidh taiscéaladh hidreacarbóin a chothú agus an t-aschur don Stát á mhéadú.

An tionchar a bheadh ag aon bhriseadh ar an soláthar fuinnimh a mhaolú trí cinntiú go bhfuil bearta teagmhasacha ar bhun.

Luathú an-suntasach a dhéanamh ar fhás na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite in earnálacha leictreachais, teasa agus iompair na heacnamaíochta. Tiocfaidh trian den tomhaltas leictreachais ar fad ó fhoinsí in-athnuaite faoi cheann 2020.

Aon bhac rialála ar chomhghiniúint teasa agus cumhachta (CTC) agus ar chórais téamh limistéir a chur i leataobh.

Comh-adhaint a thabhairt isteach ag gach ceann de na trí stáisiúin mhóna le suas le 30% bithmhais faoi cheann 2015, beart a laghdóidh astuithe ceaptha teasa ó na trí stáisiúin sin de 900,000 tona in aghaidh na bliana agus a shínfidh saolré na stáisiún sin chomh maith.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bhithfhuinnimh a chur i bhfeidhm go hiomlán, beart a laghdóidh astuithe gáis ceaptha teasa de 2 mhilliún tona ar a laghad in aghaidh na bliana.

Imlonnú feabhsaithe de theicneolaíochtaí fuinnimh ghlasa agus de úsáid inmharthana den bhfuinneamh i gcúrsaí iompair a chur chun cinn.

Scéim um bhithfhuinnimh éigeantach a thabhairt isteach faoin 2009.

Obair lenár bpáirtithe san AE chun a cheangailt ar úsáid na mbithbhreoslaí i gcursaí iompair go gcloífear le córas deimhniúcháin comhshaoil agus critéir um inbhuaine ann i leith táirgeadh na mbithbhreoslaí.

Úsáid fhuinnimh inbhuanaithe i gcursaí iompair a chur chun cinn.

Éifeachtacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a uasmhéadú ar fud na heacnamaíochta agus sprioc ann de 20% coigilteas fuinnimh faoi cheann 2020 agus 33% san earnáil phoiblí.

Caighdeáin tógála náisiúnta nua a thabhairt isteach san 2007 chun cinntiú go bhfuil éileamh teasa 40% níos ísle ag tithíocht nua ná mar atá de réir na gcaighdeáin tógála reatha agus athchóiriú a dhéanamh orthu arís san 2010 chun sprioc 60% a bhaint amach sna blianta amach ansin.

Daoine a spreagadh i dtreo bheith níos éifeachtúlaí um fhuinneamh ina dtithe féin ach go háirithe trí insliú feabhsaithe ina gcuid áiléar agus bhallaí.

Cinntiú go suiteálann an BSL méadar cliste leictreonach nua i ngach teach sa tír chun ligint do dhaoine a gcuid bhillí a laghdú trí ghearradh siar ar úsáid neamh-riachtanach an leictreachais.

Tabhairt isteach glan-mhéadrú a éascú chun ligint do chustaiméirí leictreachas a dhíol ar ais isteach sa chreat as cibé soláthair cumhachta in-athnuaite atá acu.

Forbairt foinsí fuinnimh ailtéarnachta a spreagadh.

Tacaíocht a thabhairt do Chláracha Forbartha, Taighde agus Nuálaíocha um Fhuinneamh.

An scéim Taraif um Fhothú Isteach an Fhuinnimh Inathnuaite (REFIT) a choinneáil agus é a choimeád faoi athbhreithniú d'fhonn infheistíocht a spreagadh i bhfeirmeacha gaoithe, san bhithmhais agus i ngléasraí cumhachta díleá anaeróbaigh chun timpeallacht seasta a sholáthar le haghaidh fiontair fuinnimh.

Soláthar a dhéanamh do chóras de naisc imdháilte don eangach chun forbairtí um sholáthairtí cumhachta in-athnuaite ar scála beag agus iad siúd i seilbh an phobail a spreagadh.

Scéim tacaíochta praghais a réadthiomnú chun tacaíocht agus spreagadh a chur faoi infheistíocht i bhforbairtí um chumhacht na dtonn agus an taoide a bhaint.

Féidearthacht bearta tacaíochta oiriúnacha le haghaidh baint na gaoithe amuigh ón gcósta a choimeád faoi scrúdú.

Obair leis an gCoimisiún Eorpach agus le hoibrithe na n-eangacha náisiúnta eile chun córas nasc eangaí um fheirmeacha gaoithe amuigh ón tír a fhorbairt chun cumhacht a sholáthar don chuid eile den Eoraip.

Aonad Forbartha tiomnaithe um Fhuinneamh na Mara a bhunú. An sainordú a bheidh ag an aonad ná an earnáil a fhorbairt agus obair i dtreo sprioc de 500 MW fuinnimh ar a laghad á bhaint des na tonnta agus den taoide faoi cheann 2020 le sprioc eatramhach de 75 MW san 2012.

Tabhairt faoi earnáil Fhuinneamh Mara a chruthú agus í dírithe ar onnmhairí agus béim aici ar na teicneolaíochtaí a bhaineann leis an earnáil spreagúil seo trí thacaíocht T&F agus trí dheontais chun táirgeadh nua-thionscanta san earnáil a mhaoiniú.

Tacaíocht a thabhairt do bhunú díleáiteoirí tairgte meatáin ag an bpobal chun truailliú a laghdú chomh maith le gás meatáin a tháirgeadh lena úsáid i monarchana CTC – sholáthródh seo roinnt faoisimh ón riachtanas le sciodair a stóráil faoin dTreoir um Níotráití.

Cinntiú go bhfuil an margadh fuinnimh uile-oileánda nua deartha d'aon ghnó chun go n-úsáidfear fuinneamh in-athnuaite ar an méid is mó is féidir sa chóras.

Sainchúram Fondúireacht Eolaíochta Éireann a leasú ionas go n-áireofaí tríú chollún taighde ann is é sin réimse an fhuinnimh in-athnuaite agus na dteicneolaíochtaí atá éifeachtúlacht um fhuinneamh.

Aithbhreithniú a dhéanamh ar shainchúram agus ar fheidhmiú Fhuinneamh Inmharthana Éireann.

Infheistíocht a spreagadh i dtaiscéalaíocht ola agus gáis amuigh ó chósta na hÉireann agus an luach is fearr chun leas na hÉireann a bhaint as cibé ola agus gás a aimsítear.

Obair chun uasmhéadú ar an leibhéal gníomhaíochta um thaiscéalaíocht agus ag an am céanna a chinntiú go bhfaigheann an Stát aschur cothrom as.

Ceadúnais taiscéalaíochta a bhainistiú ar bhealach a spreagann taiscéalaíocht tráthúil.

Nuachóiriú agus comhdhúthú a imirt ar an reachtaíocht um fhorbairt mhianraí.

AGUISÍN D
LIOSTA NA N-AIGHNEACHTAÍ A FUARTHAS

Liosta na gComhairlí

Airtricity

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

An Dr Diarmuid Ó Gráda

An Garda Síochána

An Post

An Roinn Airgeadais

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

An tUas McCarthy

An tÚdarás Iomaíochta

Biogreen Energy Products

BSL

Cairde Éanlaith Éireann

Comhar

Comhdháil Ceardchumann na hÉireann

Comhlachas Chumainn Tráchtála na hÉireann (Chambers Ireland)

Cónaidhm na hÉireann um Mhíchumas

Confederation of European Waste to Energy Plants

Conradh na Gaeilge

Co-operation Ireland

Cormac O Murchú

Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann

Cumann Teilifíse Pobail

David J Murnaghan

Dermot McKenna

Desmond Kelliher,

Donough & Catherine Fenton, Royal Biofuels Ltd.

EirGrid

Engineers Ireland

Finbar Ryan

Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí

Forfás (aighneacht ar son Forfás, Enterprise Ireland agus IDA Ireland)

Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann

Grúpa BioPower plc

Indaver Ireland

Ionad Taighde Leictreachais, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

John Markham

Joseph Deasy

Kilkenny Cereals Ltd

Luke Curley, EdWare

Maurice Fitzgerald

MDM Oil

Naisc Tuaithe na hÉireann

National Coarse Fishing Federation of Ireland

Oifig an Ard-Aighne

Patrick Mangan, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Rory Ardagh, Telecom Property Holdings Limited

Screen Producers of Ireland

Terry Biddulph

TG4

Thomas Newman, Newman Biodiesel

Trout Angling Federation of Ireland

TV3

Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann

Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt

Viridian Power

Wild Salmon Support Group

Aguisín E
GLUAIS DE GHIORRÚCHÁIN A ÚSÁIDEADH

AD	Acmhainní Daonna
AE	Aontas Eorpach
AS	Ard-Stiúrthóireacht
BCI	Coimisiún Craolacháin na hÉireann
BGÉ	Bord Gáis Éireann
BMW	Réigiún na Teorann, na Lár-Tíre agus an Iarthair
BSL	Bord Soláthair an Leictreachais
CBFF	An Córas um Bhainistiocht agus Fhorbairt Fheidhmíochta
CEE	Crios Eacnamaíoch Eisiach
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CCSP	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
CCTSR	Ceadúna(i)s Comhtháite um Thruailliú a Sheachaint agus a Rialú
CF	Córais Faisnéise
CFB	An Príomh-Bhord Iascaigh
ComReg	An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
CSPVG	Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse
CTC	Comghiniúint Teasa agus Chumhachta
CTS	Seirbhísí Lárnacha Teicniúla
DHDA	Gníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh
DMDL	Digital Media District Ltd
ÉÚDFSF	Éifeachtacht ar Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh
EIS	Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
E&P	Taiscéalaíocht agus Táirgeadh
ESIOP	Clár Oibriúcháin Eacnamaíoch, Sóisialta agus Bonneagair
ERDF	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
ESRI	Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
FCILC	Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann
FMIS	Córas Bainistíocht Faisnéise Airgeadais
FOI	Saoráil Faisnéise
FP7	Seachtú Clár Creatlaí an AE (um thaighde)
GFD	Grúpa um Fhorfheidhmiú an Díláraithe
GIF	Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh
GIS	Córas Faisnéise Geografaí
GNL	Gás Nádúrtha Leachtaithe
GSL	Grúpscéim Leathanbhanda
GSNI	Suirbhéireacht Geolaíochta Thuaisceart Éireann
ILZSG	An Grúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Luaidhe agus um Shince (NA)
INPC	Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann
IP	Phrótacal Idirlín
iPas	Córas Gnóthaí Peitriliam Comhtháite

IPPC	féach CCTSR
I.R.	Ionstraim Reachtúil
LCGE	Líonraí na Céad Glúine Eile
MAN	Líonra Achar Cathrach
MAPS	Tacaíocht Chláir Riaracháin Mhianraí
MCS	Measúnú Comhshaoil Straitéiseach
MIF	Creatlach Faisnéis Bhainistíochta
NA	Na Náisiúin Aontaithe
NCSSB	Comhlacht Státurraithe Neamhthráchtála
NDRC	An tIonad Náisiúnta Taighde Digiteach
NORA	An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta
OCF	Oifigeach Cúnaimh an Fhostaí
OECD	Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
OP	Clár Oibríochta
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
OSi	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
OTN	Olltáirgeacht Náisiúnta
PL	Ceadúnas Sirtheoireachta
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
POF	Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
RA	An Ríocht Aontaithe
RIA	Anailís ar Thionchar Rialála
RD&D	Taighde, Forbairt agus Léiriú
RCFAN	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
REFIT	Taraif um Fhothú Isteach an Fhuinnimh In-athnuaite
RFTI	An Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann
RTDI	Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht
RTÉ	Raidió Teilifís Éireann
SEI	Fuinneamh Inmharthana Éireann
SEM	Aon-Mhargadh Leictreachais
SGÉ	Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann
SMF	Saoráidí Mianadóireachta Stáit
SNL	An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda
SOÉ	Suirbhéireacht Ordnáis Éireann (OSi)
T.D.	Teachta Dála
TÉ	Tuaisceart Éireann
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
TFC	Clár Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
TFFF	Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh
TTD	Teilifís Trastíre Dhigiteach
UNCLCS	Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Theorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí
UNFCCC	Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide
3G	An Tríú Ghlúin

Ráiteas Straitéise 2008-2010
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-678 2000 Facs: 01-678 3057 Lóghlao: 1890 44 99 00
Láithreán Gréasáin: www.dcenr.gov.ie